cecde
An Lárionad um Fhorbairt & Oideachas na Luath-Óige

síolta

An Chreatlach Náisiúnta Cáiliochta d'Oideachas na Luath-Óige

An Lárionad um Fhorbairt
agus Oideachas na Luath-Óige,
Teach an Gheata,
Coláiste Phádraig,
Droim Conrach,
Baile Átha Cliath 9.

Teil: 353 1 884 2110
Faics: 353 1 884 2111
Ríomhphost: early.childhood@spd.dcu.ie

www.siolta.ie
www.cecde.ie

Síolta, An Chreatlach Náisiúnta Cáilíochta d'Oideachas na Luath-Óige
ISBN: 0-9545815-9-8

Síolta – Lámhleabhar Tosaigh
ISBN: 0-9551048-6-6

© 2006 An Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige

Gach ceart ar chosaint. Ceadaítear sleachta as an bhfoilseachán seo a úsáid chun críocha oideachasúla ach an foilsitheoir a admháil.

Arna mhaoiniú ag Rialtas na hÉireann agus arna pháirtmhaoiniú ag an Aontas Eorpach faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2000 - 2006

Clár na nÁbhar

Brollach ii

Buíochas iv

Giorrúcháin v

Réamhrá 1

Cuid a hAon
Comhthéacs d'Fhorbairt *Síolta* 7

Cuid a Dó
An Próiseas Forbartha 15

Cuid a Trí
Tréithe *Síolta* 23

Cuid a Ceathair
Measúnú ar Ardchaighdeán 27

Cuid a Cúig
Ag Tacú Le hArdchaighdeán 35

Cuid a Sé
Conclúid 43

Gluais 45

Aguisín 1
Ballraíocht na gCoistí 49

Tagairtí 51

Clár na bhFíoracha

Fíor 1
Gnéithe den Taighde atá mar bhuntaca ag *Síolta* 16

Fíor 2
Líne Ama Comhairliúcháin 2004-2005 18

Fíor 3
Bís feabhsúcháin ardchaighdeáin *Síolta* 29

Fíor 4
An ghaolmhaireacht idir modhanna measúnaithe agus na Caighdeáin Cháilíochta 31

Fíor 5
Ag Tacú Le hArdchaighdeán – Torthaí an Chomhairliúcháin 36

Brollach

Nuair a sheol an tAire Oideachais agus Eolaíochta an Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige (An Lárionad) i mí Dheireadh Fómhair 2002, thosaíomar aistear nár tugadh faoi riamh cheana in Éirinn.

Is uaillmhianach an tasc a bhí ann creatlach ardchaighdeán a fhorbairt ar fud an réimse uile a bhaineann le hoideachas na luath-óige agus do leanaí ó bhreith go sé bliana d'aois, agus cheap roinnt daoine nach bhféadfaí a leithéid a bhaint amach taobh istigh de thrí bliana ghearra.

Bhí roinnt fachtóirí ann a chabhraigh linn an chreatlach seo a sholáthar ar bhealach cuimsitheach agus tráthúil.

I dtús báire, bhraitheamar ar láidreachtaí roinnt mhaith comhpháirtithe tiomanta i bpróiseas dian agus forleathan de chomhairliúchán leanúnach. Go deimhin, tá na céadta, nó fiú na mílte, údar ag an gcreatlach seo ar fud earnáil chúram agus oideachas na luath-óige in Éirinn. Ní leis an gCoiste Comhairleach amháin, déanta de bhreis agus caoga eagraíocht rannpháirteach, a bhí an próiseas comhairliúcháin i gceist, ach bhí sé scaipthe níos faide ná sin le rannpháirtíocht ó thuismitheoirí agus gairmithe a thug a gcuid ama agus saineolais go díograiseach agus go saor. Ó thús an phróisis, bhunaíomar agus d'fhorbraíomar comhshocrú i measc na leasanna thar a bheith éagsúil seo agus d'eagraíomar deiseanna agus fóraim do mhalartú faisnéise agus chun plé a dhéanamh.

Ar an dara dul síos (agus is tábhachtaí b'fhéidir), thosaíomar ó pheirspictíocht a thugann tús áite do chearta agus do riachtanais an linbh, ag léiriú an phrionsabail choitianta a bhaineann leo siúd ar fad atá bainteach le cúram agus oideachas na luath-óige in Éirinn. Sháraigh an pheirspictíocht seo na héagsúlachtaí uile idir shuímh, fhealsúnachtaí agus leasanna.

Ar an tríú dul síos, bhunaíomar an chreatlach go láidir ar bheartas, cleachtas agus taighde Éireannach agus idirnáisiúnta cothrom le dáta. Mar thoradh ar an gcur chuige fianaise-bhunaithe seo agus ár n-oscailteacht maidir le dúshlán agus díospóireacht tá daoine muiníneach as ár gcuid oibre.

Baineann an Chreatlach go dlúth le hÉirinn agus tá sí lonnaithe go sonrach in Éirinn chomhaimseartha; aithníonn sí oidhreacht chultúrtha agus theangeolaíoch na tíre, ach ag an am céanna aithníonn sí athrú geilleagrach agus déimeagrafach. Is é an tuiscint atá sa Chreatlach gur coincheap dinimiciúil, tógtha agus atógtha ag go leor gníomhaithe rannpháirteacha, lena n-áirítear leanaí, i sochaí atá ag síorathrú, atá sa hardchaighdeán.

D'fhonn béim agus aird a tharraingt ar charachtar sainiúil na Creatlaí, tugaimid ***'Síolta'*** uirthi. Léiríonn sé poitéinseal na hóige agus poitéinseal na Creatlaí seo le fás agus dul chun cinn a dhéanamh. Baineann sé leis an meafar "Kindergarten" mar ionad cúraim agus oideachais, agus le ról an oideora mar gharraíodóir oilte. Go príomha, ceanglaíonn sé an Chreatlach nua-aimseartha seo agus gach a tharla san am a caitheadh agus an oidhreacht shaibhir a bhaineann le hÉire na linne seo.

Eispéireas thar a bheith iontach a bhí i stiúradh an phróisis i dtreo *Síolta* dom féin ar bhonn pearsanta agus ar bhonn gairmiúil. Ba mhór an phribhléid dom a bheith ag obair go dlúth le foireann iontach agus ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl do mo chomhghleacaithe sa Lárionad as a dtiomantas agus a ndúthracht. D'uireasa thacaíocht éagorrach agus saineolas na Roinne Oideachais agus Eolaíochta agus chomhaltaí an Bhoird Bhainistíochta agus an Choiste Stiúrtha, ní bheadh *Síolta* tugtha chun críche againn agus ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúil dóibh as sin. Bhí an comhoibriú eadrainn féin agus raon leathan comhpháirtithe tacaíochta in Éirinn agus thar lear taitneamhach agus oideachasúil araon, agus táim buíoch as an méid a chuir siad leis an tionscadal agus an mhuinín a bhí acu go n-éireodh leis.

Mar fhocal scoir, ar son Bhord agus fhoireann an Lárionaid, ba mhaith liom *Síolta* a thiomnú do na leanaí óga uile in Éirinn.

Heino Schonfeld
Stiúirthóir an Lárionaid

Buíochas

Ní bheadh foilsiú *Síolta* indéanta gan tacaíocht leanúnach agus ról dearfach raon leathan eagraíochtaí agus daoine aonair. Ba mhór leis an Lárionad an deis seo a thapú le haitheantas a thabhairt do dhíograis agus do thiomantas leanúnach phobal chúram agus oideachas na luath-óige in Éirinn. Arís eile tá a gcion déanta ag an bpobal seo maidir le beartas a fhorbairt a thacóidh agus a fheabhsóidh soláthar seirbhísí ar ardchaighdeán do na leanaí is óige. Cuireadh tuairimí, dearcaí agus moltaí an ghrúpa leathain agus éagsúil seo os comhair an Lárionaid trí bhallraíocht ár gCoiste Chomhairligh. Thug na heagraíochtaí seo léargas luachmhar dúinn ar na gnéithe uile a bhaineann le hardchaighdeán i seirbhísí Chúram agus Oideachas na Luath-Óige (COLO) in Éirinn, agus chabhraigh siad go mór le cothromaíocht agus cothromas béime a bhaint amach in ábhair na Creatlaí. D'oibrigh na daoine aonair a rinne ionadaíocht ar na heagraíochtaí seo gan staonadh d'fhonn maoirsiú a dhéanamh ar fhorbairt na Creatlaí dá ngrúpaí féin. Lena chois sin, roinn roinnt eagraíochtaí ábhair shonracha linn, rud a chabhraigh linn beartais agus nósanna imeachta agus reachtaíocht agus rialachán a aithint atá ábhartha do shuímh COLO. Tá tagairt speisialta tuillte freisin ag baill ár Sain-Ghrúpa Oibre ar aistriúchán Gaeilge a chinntigh ní amháin go mbeadh leagan Gaeilge na Creatlaí ábhartha agus go mbeadh brí le baint as, ach a rinne go leor oibre maidir le téarmaíocht choitianta, atá cuí don COLO, a fhorbairt in Éirinn. D'éirigh linn ár gClár Oibre a bhaint amach a bhuíochas sin do Bhord Bainistíochta agus Coiste Stiúrtha an Lárionaid a chur taithí, saineolas agus críonnacht fhíorluachmhar ar fáil ar bhealach comhsheasmhach agus flaithiúil. Ar deireadh thiar, gabhaimid buíochas leis na daoine aonair uile sa Roinn Oideachais agus Eolaíochta as ucht na cabhrach gairmiúla agus éifeachtúla a chur siad ar fáil.
Tá súil againn, le foilsiú *Síolta*, go ndéanfar athnuachan agus neartú ar an tiomantas d'ardchaighdeán, atá le brath go láidir in earnáil an COLO in Éirinn, *'an triail ar bharrfheabhas ag a bhfuil an acmhainn le hathrú a dhéanamh'*.

Giorrúcháin

ADM Area Development Management

BCCN Border Counties Childcare Network

CECDE An Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige

COLO Cúram agus Oideachas na Luath-Óige

CSO An Phríomh-Oifig Staidrimh na hÉireann

DEIS Comhionannas Deiseanna a Sholáthar i Scoileanna

DES An Roinn Oideachais agus Eolaíochta

DHC An Roinn Sláinte agus Leanaí

DIT Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath

DJELR An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí

DSCFA An Roinn Gnóthaí Sóisialacha, Pobail agus Teaghlaigh

ECEA An Ghníomhaireacht um Oideachas na Luath-Óige

EECERA European Early Childhood Education Research Association

EOCP An Clár Comhdheiseanna Cúraim Leanaí

FETAC Comhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna

HETAC Comhairle na nDámhachtainí Ardoideachais agus Oiliúna

ICT Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide

IEP Pleananna Oideachais don Duine Aonair

IMEB Irish Montessori Education Board

INTO Cumann Múinteoirí Éireann

NAEYC National Association for the Education of Young Children

NCCA An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta

NCNA National Children's Nurseries Association

NCO Oifig Náisiúnta Leanaí

NDA An tÚdarás Náisiúnta Míchumais

NDP An Plean Forbartha Náisiúnta

NESC An Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Sóisialach

NESF An Fóram Náisiúnta Eacnamaíoch agus Sóisialach

NQAI Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann

NQF Creatlach Náisiúnta Cáilíochta

NVCC National Voluntary Childcare Committee

NVCO National Voluntary Childcare Organisation

OECD An Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta

QE Ardchaighdeán san Oideachas

UN Na Náisiúin Aontaithe

UNESCO Eagraíocht Oideachais, Eolaíochta agus Chultúir na Náisiún Aontaithe

COMHIONANNAS
2
HPHÁIRTÍOCHT NA DTUISMITHEOIRÍ
4
IDEOLAÍOCHT
3
S NA LUATH-ÓIGE
5

Réamhrá

Fáilte chuig *Síolta – An Chreatlach Náisiúnta Cáilíochta d'Oideachas na Luath-Óige in Éirinn.* Léiríonn na hábhair atá á gcur i láthair sa phacáiste seo an obair eagraithe atá déanta ag raon leathan páirtithe leasmhara in earnáil chúram agus oideachas na luath-óige (COLO) in Éirinn[1]. Leath an próiseas cruthaitheach, a raibh an foilseachán seo mar thoradh air, thar thréimhse trí bliana, 2002 – 2005, agus is iarracht dhúshlánach agus thairbheach a bhí ann.

1 Féach Aguisín 1 do bhallraíocht na gCoistí.

Réamhrá

Is mór a chuireann foilsiú *Síolta* le príomhchuspóir an Pháipéir Bháin ar an Oideachas Luath-Óige, *Ready to Learn*, arna fhoilsiú ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta (DES), a bhaint amach:

> *The objective of this White Paper is to facilitate the development of a high quality system of early childhood education. Achieving this objective requires progress across a wide spectrum of areas, including curriculum, training and qualifications and the quality and quantity of inputs (staff, equipment and materials.* (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 1999a:43)

Mar thoradh ar an doiciméad beartais thábhachtaigh seo bunaíodh an Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige (An Lárionad) faoi bhainistíocht Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath agus Coláiste Phádraig, Droim Conrach. Comhaontaíodh Clár Oibre cuimsithí leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta don Lárionad (An Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas an Luath-Óige, 2001), a dhírigh ar na trí chuspóir seo a leanas:

- Creatlach ardchaighdeán a fhorbairt d'oideachas na luath-óige;
- Idirghabhálacha spriocdhírithe a fhorbairt ar bhonn píolótach do leanaí atá faoi mhíbhuntáiste oideachais agus do leanaí le riachtanais speisialta agus;
- An t-ullmhúchán a dhéanamh d'fhonn An Ghníomhaireacht um Oideachas na Luath-Óige (ECEA) a bhunú mar a samhlaíodh sa Pháipéar Bán ar an Oideachas Luath-Óige, *Ready to Learn* (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 1999a).

Comhlíonann *Síolta* an chéad cheann de na cuspóirí sin agus cuireann sé fréamhshamhail i láthair den Chreatlach Náisiúnta Cáilíochta in oideachas na luath-óige.

Dearadh ábhair *Síolta* d'fhonn cabhrú le gach duine lena mbaineann soláthar oideachais luath-óige ar ardchaighdeán in Éirinn a bheith rannpháirteach san aistear forbarthach i dtreo luatheispéiris saoil leanaí óga, na heispéiris is tábhachtaí go deimhin, a fheabhsú agus a shaibhriú.

D'aithin *Ready to Learn* go soiléir go mbíonn oideachas luath-óige ar bun i raon leathan suíomh in Éirinn agus cuireann sé béim go deimhin ar an bpointe tábhachtach, *"...we must recognise that young children have needs for both education and care and that the focus can never be exclusively on either."* (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 1999a:3).

Tá sé seo le sonrú i ndualgas oibre an Lárionaid mar a luadh sa Chlár Oibre comhaontaithe a luann, agus é ag tagairt d'fhorbairt ar shonraí na Creatlaí Náisiúnta Cáilíochta,

> *These guidelines will have to be adaptable for use in a wide range and variety of settings in which integrated care and education is provided to children from birth to six. These settings include relatively informal childminding arrangements, preschools, playgroups, crèches and nurseries all of which can be organised as private enterprises or as community-based initiatives and which may or may not be in receipt of State funding. They also include the infant classes of primary schools where the guidelines will be relevant to initiatives such as Whole School Evaluation and School Development Planning.* (An Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas an Luath-Óige, 2001:4)

Baineann ábharthacht le *Síolta* maidir le hobair raon leathan cleachtóirí COLO in ainneoin comhthéacs a gcleachtais. Lena chois sin, is féidir leis faisnéis luachmhar a sholáthar do ghairmithe eile a n-éilíonn a gcuid oibre orthu a bheith ag idirghníomhú le leanaí óga agus a dteaghlaigh. Táthar ag súil go mbeidh tairbhe le baint ag tuismitheoirí agus ag teaghlaigh as an bhfaisnéis, agus go mbeidh an fhaisnéis mar thacaíocht dóibh ina ról mar phríomhoideoirí a leanaí. Táthar ag súil go mbeidh tairbhe ag baint le Síolta ar go leor leibhéal i suímh chleachtais. Mar shampla mar,

- Tacaíocht do chleachtas agus d'fhorbairt ghairmiúil aonair,
- Fócas d'obair foirne agus d'fhorbairt foirne

- Uirlis do bhainistíocht, pleanáil straitéiseach agus forbairt beartais
- Bonn coitianta d'idirghabhálacha a dhéanann foireann éagsúil gairmithe.

Tacóidh sé freisin le próisis mheasúnaithe fhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla, nó go deimhin beidh sé ann chun comhthuiscintí a chur chun cinn i measc raon leathan aosach a mbíonn tionchar acu ar luatheispéiris leanaí óga.

Téarmaíocht

Mar atá luaite cheana, príomhthuiscint a bhaineann le *Síolta* is ea go bhfuil dlúthnasc idir cúram agus oideachas maidir le foghlaim agus forbairt leanaí óga. In Éirinn, glactar leis an téarma 'cúram agus oideachas na luath-óige' (leis an ngiorrúchán 'COLO') agus baintear úsáid fhorleathan as i ndioscúrsa a bhaineann le hoideachas na luath-óige. Tá tacaíocht láidir faighte ag an téarma seo ó raon éagsúil páirtithe leasmhara i soláthar seirbhísí do leanaí óga, mar go neartaíonn sé an nádúr doscaoilte a bhaineann le cúram agus oideachas atá riachtanach chun eispéiris luathfhoghlama ar ardchaighdeán a sholáthar. Tá tionchar comhaontaitheach ag an téarma freisin do na haosaigh ar fad a bhfuil baint acu le seirbhísí a sholáthar agus is féidir ceangal a dhéanamh leis, is cuma cén comhthéacs cleachtais atá i gceist. Ar na cúiseanna seo, tá an téarma 'COLO' glactha ag an Lárionad i ngach foilseachán a bhaineann le forbairt *Síolta*.

Le chéile, cruthaíonn ábhar an phacáiste fréamhshamhail do phróiseas um dhearbhú ardchaighdeán náisiúnta do shuímh oideachais na luath-óige in Éirinn. Táthar ag súil, sna míonna agus sna blianta amach romhainn, go mbeidh an fhréamhshamhail seo mar bhunús do chur i bhfeidhm praiticiúil na físe ardchaighdeán in oideachas na luath-óige atá ar fáil i *Síolta*. Is fís í seo ina dtugtar cothromaíocht rochtana do gach leanbh ar dheiseanna oideachais luath-óige, deiseanna a shaibhríonn an saol dóibh agus a chuireann go mór lena ndea-bhraistint, foghlaim agus forbairt.

Ábhair an phacáiste

Creatlach dhinimiciúil agus athraitheach is ea *Síolta*. Déanfar é a nuashonrú ar bhonn rialta, ar dtús de bharr torthaí ó phróiseas píolótach, ach san fhadtréimhse chun nádúr athraitheach earnáil an COLO in Éirinn a léiriú. Tá sé deartha ionas go mbeidh sé úsáideach do chleachtóirí (ina n-aonair agus mar chuid d'fhoireann) agus d'fhoireann tacaíochta d'ardchaighdeán a bheidh rannpháirteach sa phróiseas cuir i bhfeidhm agus measúnaithe.

Tá roinnt eilimintí i bpacáiste *Síolta*. Ina measc tá réamh-lámhleabhar, ceithre lámhleabhar ceangailte, póstaer agus bileog a bhaineann leis an dá Phrionsabal Cáilíochta déag, agus CD ROM leis na hábhair réamhluaite ar fad agus ceithre 'philéar' taighde a chuireann na príomhthacaíochtaí ar fáil don phróiseas forbartha.

Réamh-lámhleabhar

Seo a leanas codanna an lámhleabhair seo:

- **Cuid a dó – Comhthéacs do *Síolta*** – déantar machnamh gearr ar an gcomhthéacs reatha náisiúnta agus idirnáisiúnta d'ardchaighdeán sa COLO a bhí mar bhunús d'fhorbairt *Síolta*. Cuireadh é seo laistigh de thrí réimse leathana beartais, cleachtais agus taighde.
- **Cuid a trí – Próiseas forbartha** – déantar achoimre ar an bpróiseas inar forbraíodh *Síolta*. Áirítear air seo táirgeadh na 'gceithre philéar taighde' agus an próiseas forleathan comhairliúcháin a rinneadh laistigh d'earnáil an COLO ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta.
- **Cuid a ceathair – Tréithe *Síolta*** – déantar cur síos ar ghnéithe ar leith a bhaineann le *Síolta* a raibh páirt lárnach acu sa phróiseas forbartha agus a bheidh ríthábhachtach ionas go n-éireoidh lena cur i bhfeidhm.
- **Cuid a cúig – Measúnú ar phlépháipéar ardchaighdeán** – cuirtear múnla féideartha i láthair do mheasúnú laistigh de chomhthéacs *Síolta*. Tá sé mar rún díospóireacht a spreagadh ar an tsaincheist thábhachtach seo, a bheidh riachtanach do phróiseas píolótach cuir i bhfeidhm.

- **Cuid a sé – Tacú le plépháipéar ardchaighdeán** – déantar achoimre ar fhianaise a bailíodh trí léirmheas litríochta agus cleachtaí comhairliúcháin maidir le meicníochtaí agus sárchleachtas d'fhonn tacú le hardchaighdeán i soláthar oideachas na luath-óige.
- **Cuid a seacht - Achoimre**
- **Gluais** – tá sainmhínithe le fáil anseo ar roinnt focal tábhachtach mar a úsáidtear iad i gcomhthéacs *Síolta*.

Lámhleabhair cheangailte

Tá an Chreatlach seo deartha chun cur ar chumas suímh oideachas na luath-óige meastóireacht a dhéanamh ar a leibhéal soláthair ardchaighdeán agus chun caighdeán na seirbhíse atá á sholáthar acu a chinneadh. Laistigh den chomhthéacs seo, aithneoidh *Síolta* gnéithe cleachtais atá rathúil laistigh den suíomh chomh maith le gnéithe a aithint a bhfuil aird agus feabhas ag teastáil uathu. Ar an gcaoi seo, gníomhaíonn sé mar uirlis chun feabhas agus pleanáil leanúnach d'ardchaighdeán a chur chun cinn.

Sna lámhleabhair úsáideora cheangailte tá na príomheilimintí a bhaineann le *Síolta* a bheidh in úsáid ag cleachtóirí. Díríonn gach lámhleabhar ar cheann de na suímh seo a leanas:

- Cúram Lae Lánaimseartha agus Páirtaimseartha
- Seirbhísí Seisiúnacha
- Ranganna Naíonán
- Feighlíocht Leanaí

Dearadh na lámhleabhair ionas go mbeidís éasca le n-úsáid agus tá treoracha soiléire d'úsáid le fáil ag tús gach ceann acu. Seo a leanas an méid atá le fáil i ngach lámhleabhar:

Prionsabail Cháilíochta

Is iad an dá Phrionsabal déag agus na Nótaí Míniúcháin a théann leo an tslat tomhais is fearr do gach cleachtas ardchaighdeán agus soláthar seirbhíse in oideachas na luath-óige.

Caighdeáin Cháilíochta

Sna sé Chaighdeán déag náisiúnta cuirtear san áireamh na réimsí cleachtais a bhfuiltear le haghaidh a thabhairt orthu agus aistríonn siad an fhís maidir le hardchaighdeán atá le fáil sna prionsabail isteach i gcleachtas.

Comhpháirteanna Cáilíochta

Cuireann siad seo táscairí ardchaghdeáin ar fáil do na cleachtóirí ar fad agus *Síolta* á chur i bhfeidhm acu. Baineann na Comhpháirteanna seo go díreach leis na Caighdeáin agus tá siad ann chun iad a bhriseadh síos ina bpáirteanna níos dírithe agus níos sonraí.

Deiseanna Mhachnaimh

Feidhmíonn siad seo mar threoirlínte féin-athmhachnaimh do chleachtóirí le smaoineamh ar chleachtas reatha, agus chun gnéithe atá dearfach a aithint chomh maith leis na gnéithe sin nach mór aird a thabhairt orthu. Dearadh iad seo chun tacú leis an bpróiseas caidrimh a ndearnadh tagairt dó níos túisce maidir leis na Caighdeáin a bhaint amach. Is féidir le cleachtóirí aonair nó le grúpaí/foirne atá ag pleanáil do shuíomh iomlán iad a úsáid. Nuair ba chuí, cuireadh na Deiseanna Mhachnaimh i bhfeidhm thar thrí réimse aoise eadhon ó bhreith – 18 mí, 12 – 36 mí agus 2 – 6 bliana. Is mar shamplaí ní mar leideanna amháin a chuirtear na Deiseanna Mhachnaimh agus na liostaí 'Smaoinigh ar' a thagann in éineacht leo ar fáil. Níl gach rud iontu agus táthar ag súil go gcuirfidh gach duine atá ag baint úsáide as Síolta a chuid féin leo bunaithe ar a gcleachtas féin, agus i ndáiríre, iad a chur in oiriúint dá chomhthéacs féin.

Rannóg na nAcmhainní

Ag deireadh gach lámhleabhar, tá rannóg ghearr maidir le hacmhainní curtha ar fáil againn. Tugann sé seo roinnt foinsí ábhar agus faisnéise chun tacú le cleachtóirí agus iad ag obair le gnéithe éagsúla *Síolta*. Sa rannóg seo tá comhairle ar

fhoilseacháin agus físeáin, ábhair thacaíochta, cúrsaí, seoltaí do láithreáin ghréasáin chuí in Éirinn agus thar lear, agus sonraí teagmhála eagraíochtaí COLO a bheadh mar chabhair nó a mbeadh spéis ag daoine iontu. Níl gach rud sa rannóg seo, ach feidhmíonn sí mar bhunús láidir d'ábhair acmhainní, a bhfuiltear ag súil a chuirfidh cleachtóirí agus suímh a gcuid féin leis agus iad ag obair trí na hábhair.

Nóta ar Thras-tagairtí

Cabhraíonn na Caighdeáin agus na Comhpháirteanna le cáilíocht a bhaint amach. Tá sé tábhachtach cuimhneamh, áfach, gur dearadh iad chun oibriú le chéile i dtreo cáilíocht a bhaint amach i ngach gné cleachtais i suímh COLO. De réir mar a léann tú trí na hábhair, tabharfaidh tú siombail **Féach** *faoi deara a aithneoidh deiseanna le dul i gcomhairle nó le crostagairt a dhéanamh le Comhpháirt eile, a mbaineann ábharthacht léi maidir leis an gComhpháirt atá á léamh agat.*

Mar shampla, d'fhéadfá a bheith ag díriú ar Chomhpháirt a bhaineann le Spraoi agus mar gheall ar an tábhacht a bhaineann le hidirghníomhaíochtaí i soláthar eispéiris spraoi ar ardchaighdeán, spreagfar thú le crostagairt a dhéanamh chuig Comhpháirt ar Idirghníomhaíochtaí chun tuilleadh tacaíochta agus faisnéise a fháil. **Féach 5.2**

Cuspóir deiridh na n-ábhar seo is ea cur chuige iomlánaíoch a chur chun cinn i leith soláthair agus cleachtais cáilíochta. Dá bhrí sin, molaimid duit a nádúr idirghaolmhar a aithint agus úsáid a bhaint as an ngné ar leith seo chun athbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh ar do chleachtas.

Aguisíní

Tá trí Aguisín ann:

- Tugann **Aguisín 1** liosta samplach de Bheartais agus Nósanna Imeachta ar féidir le suímh iad a úsáid.
- Tugann **Aguisín 2** liosta samplach de Reachtaíocht agus Rialachán mar threoir do shuímh maidir le meas a dhéanamh ar an bhfeidhm atá ag reachtaíocht agus rialachán i gcomhthéacs an tsuímh.
- Tá **Aguisín 3**, Greille Táscairí Leibhéil den Chreatlach Náisiúnta Cáilíochtaí, san áireamh mar eolas ar an gcaoi a n-oireann na leibhéil éagsúla oiliúna agus cáilíochta do na daoine atá ag obair in earnáil an COLO dá chéile, laistigh den Chreatlach atá ceaptha ag Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann.

Ábhair bhreise

Cuireadh na hábhair seo sa phacáiste chun tacú le húsáid agus roinnt *Síolta* le pobal chomh leathan agus is féidir. Áirítear orthu sin:

- **Póstaer** *Síolta* (i nGaeilge agus i mBéarla) leis na Prionsabail Cháilíochta. Tá bileog in éineacht leis seo do thuismitheoirí nó páirtithe leasmhara eile.
- **CD ROM** le cuid mhaith faisnéise luachmhaire a bhaineann le táirgeadh *Síolta*. Áirítear air seo téacs na gceithre philéar taighde, agus an méid uile atá sa phacáiste, ar féidir a íoslódáil nó a phriontáil.

COMHIONANNAS
2
HPHÁIRTÍOCHT NA DTUISMITHEOIRÍ
4
IDEOLAÍOCHT
3
S NA LUATH-ÓIGE
5

Cuid a hAon

Comhthéacs d'Fhorbairt *Síolta*

1

Cuid a hAon
Comhthéacs d'Fhorbairt *Síolta*

I gcomhthéacs na hÉireann tá forbairt *Síolta* tráthúil. Déanann sé comóradh ar bhuaicphointe sa tóraíocht ar sholáthar oideachas na luath-óige ar ardchaighdeán dár leanaí is óige, atá ar siúl in Éirinn le blianta beaga anuas. Tá iarracht déanta ag an Lárionad an móiminteam dinimiciúil seo d'ardchaighdeán a fháil laistigh d'earnáil an COLO, agus le cabhair ó mhúnlaí idirnáisiúnta beartais, cleachtais agus taighde, tá Creatlach Náisiúnta Cáilíochta cruthaithe atá sonrach agus ábhartha do chomhthéacs na hÉireann. Déanann an chuid seo cur síos ar an gcomhthéacs d'fhorbairt *Síolta*, ag díriú ar pheirspictíochtaí stairiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Dearcaí stairiúla ar 'Ardchaighdeán'

Ní téarma coitianta ab ea an téarma 'ardchaighdeán' i bhfoclóir sheirbhísí an COLO go dtí le gairid, go príomha le deich mbliana anuas (Kiernan agus Walsh, 2004). Tá an coincheap agus an tuiscint atá againn ar ardchaighdeán i seirbhísí an COLO nasctha le comhthéacs agus sonrach ó thaobh ama de, agus bíonn an tuiscint seo ag síorathrú. Bíonn tionchar ag raon leathan fachtóirí ar athrú na tuisceana seo, lena n-áirítear forbairtí polaitiúla, sóisialta, reiligiúnacha, geilleagracha agus cultúrtha.

Go traidisiúnta, measadh cúram agus oideachas leanaí óga mar eintiteas ar leith, áit a mbíodh 'cúram' ag tarlú go príomha i dteach an linbh agus 'oideachas' ag tosú sna ranganna naíonán i mbunscoileanna. Is annamh a bhí seirbhísí an COLO, le tacaíocht Stáit, ar fáil agus is ar leanaí faoi mhíbhuntáiste nó ar leanaí a bhí i mbaol is mó a bhí siad dírithe. Tá glactha go forleathan anois leis gur gnéithe iad cúram agus oideachas atá *"…inextricably linked…"* agus nach féidir iad a scaradh i saol an linbh (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 1999a:45).

Cuireadh spéis níos mó sa COLO sa tréimhse idir 1960-1990 ar go leor cúiseanna. I dtús báire, bhí taighde ag tabhairt fianaise dhoshéanta chun cinn maidir leis an tábhacht a bhaineann le COLO ar ardchaighdeán mar eilimint thábhachtach de chur ar chumas leanaí a bpoitéinseal iomlán a bhaint amach, le buntáistí ar leith do leanaí faoi mhíbhuntáiste. Mar thoradh ar bhallraíocht na hÉireann i gComhphobal Eacnamaíochta na hEorpa ó 1973 i leith agus naisc níos forleithne le heagraíochtaí idirnáisiúnta cosúil leis An Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (OECD) agus Eagraíocht Oideachais, Eolaíochta agus Chultúir na Náisiún Aontaithe (UNESCO), chuaigh forbairtí Eorpacha agus idirnáisiúnta i gcion ar bheartas agus ar chleachtas na hÉireann de réir a chéile. De bharr uirbiú méadaithe bhíodh teaghlaigh ina gcónaí i mbailte agus i gcathracha i gcéin óna mórtheaghlaigh a mbíodh tábhacht nach beag ag baint leo maidir le soláthar COLO sna blianta roimhe sin. Sa tréimhse seo is mó a aithníodh oideachas mar infheistíocht sa duine aonair agus sa tsochaí, agus mar réamhriachtanas lárnach do rathúlacht gheilleagrach.

Peirspictíochtaí reatha

Ach is ó 1990 i leith i ndáiríre a tugadh aird an phobail agus aird oifigiúil ar COLO ar ardchaighdeán sa chomhthéacs Éireannach. Dhá shaincheist ar leith is cúis leis an méadú spéise seo. Ar an gcéad cheann acu seo tá an t-aitheantas ar luach COLO do gach leanbh, go háirithe na leanaí le riachtanais speisialta agus na leanaí faoi mhíbhuntáiste. Ar an dara dul síos, tá an rannpháirtíocht mhéadaithe atá ag mná sa lucht oibre mar gheall ar an tsuim a cuireadh i soláthar seirbhísí mar thoradh ar fhás geilleagrach nach raibh súil leis. Dá bhrí sin, is féidir beartas a rangú i dhá chatagóir, tá an chéad cheann faoi thionchar an chomhionannais agus díríonn sé ar rannpháirtíocht na mban sa lucht oibre a éascú agus tá an dara ceann bunaithe ar luach bunúsach an COLO. Is minic a bhíonn an teannas idir an dá shaincheist seo le tabhairt faoi deara i mbeartas, cleachtas agus taighde COLO na hÉireann.

Tá trí phríomhroinn rialtais a bhfuil freagracht orthu as seirbhísí COLO in Éirinn, eadhon an Roinn Oideachais agus Eolaíochta [DES], an Roinn Sláinte agus Leanaí [DHC] agus an

Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí [DJELR]. Chuir na ranna sin uile foilseacháin thábhachtacha le chéile, nó bhí baint acu lena leithéid, le blianta beaga anuas, ag bunú beartais náisiúnta do sheirbhísí COLO. Tríd is tríd, cuireann beartas rialtais tábhacht an COLO don gheilleagar agus don tsochaí san áireamh. Mar shampla, tá an COLO san áireamh *sa Chlár um Rathúnas agus Cothroime* (Rialtas na hÉireann, 1999a), *Plean Forbartha Náisiúnta na hÉireann 2000-2006* (Rialtas na hÉireann, 1999b), agus san *Agreed Programme for Government* (Roinn an Taoisigh, 2002) a bhaineann leis an gcomhrialtas reatha agus i gComhaontú reatha na gComhpháirtithe Sóisialta, *Ag Coinneáil an Dul Chun Cinn* (Roinn an Taoisigh, 2003).

Chomh maith leis sin bhí tionchar ag cineál an teaghlaigh a bheith ag athrú ar eispéiris leanaí sna luathbhlianta sin, le héagsúlacht níos mó i ndéantús teaghlach atá difriúil le teaghlaigh thraidisiúnta 'núicléacha'. Bhí líon áirithe príomhfhorbairtí socheacnamaíocha agus cultúrtha in Éirinn le blianta beaga anuas, ag a raibh éifeacht ollmhór ar chumraíocht shochaí na hÉireann. Ó thaobh na sochaí de, rinneadh dul chun cinn suntasach i rith na tréimhse sin maidir le haitheantas a thabhairt do chearta leanaí. Is é United Nations Convention on the Rights of the Child (Na Náisiúin Aontaithe [UN], 1989) a dhaingnigh Éire i 1992, an ceann is suntasaí acu sin, chomh maith le bunú roinnt grúpaí abhcóideachta leanaí chun dul i mbun feachtais ar son cearta leanaí. Tá athrú inbhraite tagtha freisin ar bheartas agus ar chleachtas na hÉireann maidir le seasamh agus cóireáil leanaí sa tsochaí.

Déimeagrafaic agus staitisticí

In 2004, sháraigh daonra na hÉireann ceithre mhilliún den chéad uair ó dheireadh an naoú céad déag. Is leanaí ó bhreith go sé bliana d'aois thart ar 10% den daonra seo (An Phríomh-Oifig Staidrimh [CSO], 2005a). Tá níos mó agus níos mó daoine ina gcónaí i gcathracha anois, agus is ag máithreacha aonair a bhíonn thart ar 30% de leanaí. Tá tionchar freisin ag méadú i rathúlacht gheilleagrach ar chéatadán na mban atá sa lucht oibre, go háirithe mná le leanaí. Le deich mbliana anuas, tá méadú tagtha ar chéatadán na mban sa lucht oibre ó 41.4% i 1995 go dtí 55.8% in 2004 (CSO, 2005a:33). Níos suntasaí arís, tá 76.8% de mhná idir 25-34 ag obair anois, agus tá méadú ag teacht ar líon na máithreacha le leanaí óga atá sa ghrúpa sin (CSO, 2005c:Tábla 9). Mar thoradh ar rathúlacht mhéadaithe tá níos mó tarraingt ag náisiúnaigh choigríche agus ag oibrithe eile ar an tír, rud a chuireann le héagsúlacht chultúrtha agus eitneach shochaí na hÉireann. Mar thoradh ar an rathúlacht gheilleagrach inbhuanaithe seo, tá an dara ráta is airde GDP (Olltáirgeacht Intíre) per capita san AE ag Éirinn (CSO, 2005a:18). In ainneoin na rathúlachta seo, tá ceann de na rátaí is airde bochtaineachta leanaí san AE ag Éirinn fós, agus 14.6% de leanaí ag maireachtáil faoi bhochtaineacht leanúnach in 2003 (CSO, 2005b:4).

Ar aon dul leis na hathruithe geilleagracha seo, tá athrú tagtha freisin ar struchtúr sóisialta shochaí na hÉireann. Le deich mbliana anuas, rinneadh colscaradh dleathach, tá meath tagtha ar thionchar na bpríomheaglaisí ar mhuintir na hÉireann agus tá claonadh ginearálta i dtreo sochaí níos neamheaglasta. Tá méadú suntasach tagtha ar thionchar na meán agus ar thionchar domhandaithe, go háirithe dírithe ar leanaí óga, agus tá Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (ICT) le sonrú i ngach gné de chúrsaí oibre agus caitheamh aimsire. Tá aird tarraingthe ag cásanna ardphróifíle a bhaineann le mí-úsáid ghnéis leanaí ar an riachtanas atá ann do chórais chúraim agus chosanta níos fearr do leanaí.

Comhthéacs beartais náisiúnta

Le blianta beaga anuas, bunaíodh roinnt doiciméad agus cinntí beartais thábhachtaigh ar dhearcadh shochaí na hÉireann ar leanaí agus dá bharr sin tháinig athrú ar an dearcadh freisin. Is cruthú é foilseachán an Lárionaid, *Spléachadh ar an Ardchaighdeán* (An Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige, 2004b) ar shaibhreas na ndoiciméad a cuireadh le chéile i gcomhthéacs na hÉireann

ó 1990 ar shaincheist na hardcaighdeáin. Tá an bheocht seo le feiceáil go háirithe sna blianta tar éis na mílaoise, rud a léiríonn iarrachtaí na hearnála seirbhísí ar an gcaighdeán is airde a sholáthar. Tabharfaidh an chuid seo aghaidh ar na buaicphointí san aistear seo i dtreo ardcaighdeáin, agus tá tuilleadh faisnéise agus anailíse ar fáil i bhfoilseachán réamhluaite an Lárionaid, *Spléachadh ar an Ardchaighdeán*. Áirítear orthu sin:

1990 - 2000

- Daingniú na hÉireann ar *United Nations Convention on the Rights of the Child* i 1992 (Na Náisiúin Aontaithe, 1989).
- An *tAcht um Chúram Leanaí* (1991) (An Roinn Sláinte [DoH], 1991) agus na *Rialacháin um Chúram Leanaí* (Réamhscoil) a bhaineann le gach suíomh réamhscoile (seachas feighlithe linbh atá ag tabhairt aire do thriúr leanaí nó níos lú (seachas a leanaí féin) ina dteach féin agus Tús Luath) (An Roinn Sláinte agus Leanaí, 1998).
- Bunú Comhaontas Cearta Leanaí i 1993.
- Tuarascáil an Choimisiúin ar an Teaghlach, *Strengthening Families for Life* (An Roinn Gnóthaí Sóisialacha, Pobail agus Teaghlaigh [DSCFA], 1998).
- *The Report on the National Forum for Early Childhood Education* (Coolahan, 1998)
- Achtú an *Achta Oideachais* (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 1998) agus an *Achta Oideachais (Leas)* (An Roinn Sláinte agus Leanaí, 2000), a thacaíonn le gach gné den chleachtas i mbunscoileanna.
- An Páipéar Bán ar an Oideachas Luath-Óige, *Ready to Learn* (An Roinn Sláinte agus Leanaí, 1999a).
- *Curaclam Athbhreithnithe na Bunscoile* a thabhairt isteach i ranganna naíonán (An Roinn Sláinte agus Leanaí, 1999b).
- An *Straitéis Náisiúnta Cúraim Leanaí* (An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, 1999).
- Treoirlínte a chur le chéile do chosaint agus leas leanaí i bhfoirm *Children First* (DHC, 1999) agus *Our Duty to Care* (An Roinn Sláinte agus Leanaí, 2002).

2000

- An Straitéis Náisiúnta Leanaí, *Our Children, Their Lives* (An Roinn Sláinte agus Leanaí, 2000).
- Bunú Oifig Náisiúnta Leanaí (NCO) in 2000.
- Tús an Chláir Comhdheiseanna do Chúram Leanaí (EOCP) (2000).

2001

- Achtú *Acht na Leanaí, 2001* (An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, 2001).
- Bunú Údarás Náisiúnta Cáilíochta na hÉireann (NQAI) agus na comhlachtaí dámhachtana a bhaineann leis, Comhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna (FETAC) agus Comhairle na nDámhachtainí Ardoideachais agus Oiliúna (HETAC).
- Bunú líonraí de Choistí Cúraim Leanaí Contae agus Cathrach in 2001-2002.

2002

- Foilsiú *Creat Eiseamlárach d'Oideachas, d'Oiliúint agus d'Fhorbairt Ghairmiúi san Earnáil Luathchúraim agus Oideachais Leanaí* (An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, 2002).
- Bunú an Lárionaid um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige.

2003

- Ceapachán Ombudsman do Leanaí.
- Bunú na Gníomhaireachta um Thacaíocht Teaghlaigh.

2004

- Foilsiú na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (NCCA) ar *I dTreo Creata don Luathfhoghlaim* (NCCA, 2004).

- Bunú an *Achta Oideachais do Dhaoine le Riachtanais Speisialta Oideachais* (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 2004c).
- OECD *Thematic Review of Early Childhood Education and Care Policy in Ireland* (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 2004b).

2005

- Bunú na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta.
- Foilsiú an *Early Childhood Care and Education Report* (An Fóram Náisiúnta Eacnamaíoch agus Sóisialach, 2005) ag an bhFóram Náisiúnta Eacnamaíoch agus Sóisialach (NESF).

Feidhmíonn an raon breá seo d'fhoilseacháin agus tionscnaimh bheartais mar shlat tomhais i réimse dearcaí athraitheacha agus soláthair mhéadaithe do leanaí sa tsochaí. Feidhmíonn siad freisin mar fhoinse luachmhar sonraí agus saineolais as ar féidir soláthair COLO don todhchaí a thógáil. In ainneoin líon agus raon leathan na bhfoilseachán, agus na dtionscnamh beartais agus cleachtais, áfach, tá go leor fós le baint amach maidir le soláthar seirbhísí ar ardchaighdeán dár leanaí is óige. Cuireann an tuarascáil a tháinig ón Fóram Náisiúnta Eacnamaíoch agus Sóisialach le deireanas (An Fóram Náisiúnta Eacnamaíoch agus Sóisialach, 2005:33) *"…a picture of relative inaction, peripheral implementation and drift"* maidir le cur i bhfeidhm beartas den sórt sin i gcomhthéacs na hÉireann agus an gá le straitéisí a chur i bhfeidhm agus a chomhordú d'fhonn cuspóirí beartais den sórt sin a bhaint amach. Sa chomhthéacs seo, molann an Fóram Náisiúnta Eacnamaíoch agus Sóisialach 'Creatlach Beartais' don COLO don tréimhse 2005-2015. Cuid lárnach den phlean seo is ea an prionsabal de sheirbhísí ar ardchaighdeán agus éilíonn an Fóram Náisiúnta Eacnamaíoch agus Sóisialach creatlach rialúcháin d'earnáil an COLO, áit a ndéanfar na rialacháin reatha agus forálacha *Síolta* a chomhtháthú (Fóram Náisiúnta Eacnamaíoch agus Sóisialach, 2005:73).

An ní is suntasaí a rinneadh laistigh den chomhthéacs náisiúnta, is ea gur chuir an Roinn Oideachais agus Eolaíochta, tríd an bPáipéar Bán ar an Oideachas Luath-Óige, *Ready to Learn* (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 1999a), saincheist na hardcaighdeáin chun cinn sa bheartas. Gné lárnach den Pháipéar Bán ar an Oideachas Luath-Óige ab ea saincheisteanna ardcaighdeáin, a d'aithin an chastacht a bhain leis na hathróga statacha agus dinimiciúla den ardcaighdeán a aithint agus a thomhas, agus na peirspictíochtaí ar fad inar bh'fhéidir féachaint ar ardcaighdeán (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 1999a:53). Mhol *Ready to Learn* marc "Quality in Education" (QE) a thabhairt isteach do sheirbhísí a chomhlíonann *caighdeáin cáilíochta* chomhaontaithe. Shonraigh an Páipéar Bán ar an Oideachas Luath-Óige go gcuirfí curaclam agus modheolaíocht, cáilíochtaí agus oiliúint, agus ionchuir san áireamh mar chaighdeáin cháilíochta, agus tá forbairt déanta ag Síolta ar na moltaí seo.

Tháinig Curaclam na Bunscoile (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 1999b) chun cinn ag an am céanna leis an bPáipéar Bán ar an Oideachas Luath-Óige, agus baineann ábharthacht ar leith leis mar go bhfuil thart ar leath na leanaí ar fad atá ceithre bliana d'aois agus beagnach gach leanbh atá cúig bliana d'aois ag freastal ar ranganna naíonán sna bunscoileanna lena mbaineann an curaclam seo (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 2004a:15). Luaitear ardchaighdeáin ar an gcéad phríomh-shaincheist in oideachas bunscoile agus cuirtear béim ar an tábhacht a bhaineann leis an gcuraclam do sheirbhísí ardchaighdeáin (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 1999b:26 Réamhrá). In 2004, d'fhoilsigh an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (NCCA) *I dTreo Creatlach don Luathfhoghlaim – Doiciméad Comhairliúcháin,* le súil *"…deiseanna foghlama atá saibhir, dúshlánach agus taitneamhach mar is cuí a chur ar fáil do leanaí ó bhreith go dtí sé bliana d'aois."* (An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, 2004:14). Tiocfaidh creatlach curaclaim An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta agus Síolta le chéile chun seirbhísí ar ardchaighdeán a bhaint amach dár leanaí is óige. Le gairid, luann *Comhionannas Deiseanna a Sholáthar i Scoileanna* (DEIS) gur gné ríthábhachtach é oideachas na luath-óige maidir le

cuimsiú oideachais a chinntiú do chách (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 2005).

Fianaise bhreise ar an spéis atá ag an tsochaí i raon agus caighdeán na seirbhísí a fheabhsú is ea rannpháirtíocht na hÉireann in Athbhreithniú na hEagraíochta um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta ar COLO. Thug an tAire Oideachais agus Eolaíochta aitheantas dó seo sa Réamhrá *don Thematic Review of Early Childhood Education and Care Policy in Ireland:*

> *Research has shown that access to quality pre-school services plays a vital role in preparing children for entry into primary education. It also has potentially significant long-term benefits both to the individual and society.* (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 2004b:Foreword).

Mhol Athbhreithniú An Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta go leor gnéithe a bhaineann le soláthar in Éirinn, lena n-áirítear earnáil dheonach agus pobail ghníomhaigh, líonra oideachais luath-óige seanbhunaithe laistigh de ranganna naíonán sna bunscoileanna agus spiorad láidir comhpháirtíochta ar leibhéal áitiúil. D'aithin sé freisin, áfach, roinnt gnéithe laga sa chóras, le moltaí ag díriú ar ghnéithe a bhain le comhordú, rochtain agus ardchaighdeáin. Maidir le hardchaighdeáin, d'athluaigh athbhreithniú An Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta an tábhacht a bhaineann le:

> *The formulation of a common Quality Framework for centre-based programmes for young children, focusing on agreed standards for services. A Quality Framework would include a description of what families can expect from centres, whether public or private…* (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 2004b:9)

Comhthéacs cleachtais náisiúnta

Tá éagsúlacht soláthair seirbhíse do leanaí ó bhreith go sé bliana d'aois in earnáil an COLO in Éirinn, rud a shamhlaítear mar phríomhláidreacht maidir le rogha tuismitheoirí. Áirítear ar an raon seirbhísí agus suíomh sin, mar shampla, feighlíocht leanaí, naíolanna, creiseanna, spraoighrúpaí, grúpaí naíonraí, réamhscoileanna agus ranganna naíonán i mbunscoileanna. Tá forbairt tagtha ar na suímh seo ó raon traidisiún agus bunús, agus gníomhaíonn siad faoi scáth fealsúnachtaí éagsúla, ach fós féin tá siad aontaithe ag a bpríomhdhualgas oibre, is é sin cúram agus oideachas an linbh óig. Tá formhór na suíomh seo (seachas scoileanna agus feighlithe leanaí ar leith) á rialú ag na *Rialacháin um Sheirbhísí Cúraim Leanaí (Réamhscoil)* (DHC, 1998). Tá reachtaíocht do ranganna naíonán na mbunscoileanna, a fhreastalaíonn ar fhormhór na leanaí atá ceithre agus cúig bliana d'aois, san *Acht Oideachais* (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 1998) agus san *Acht Oideachais (Leas)* (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 2000). Faoi láthair, níl mórán ceangail nó pointí tagartha idir an dá chóras rialacháin agus iniúchta sin.

Seachas ranganna naíonán i mbunscoileanna, is seirbhísí pobail/deonacha nó príobháideacha iad formhór na seirbhísí seo. Faigheann siad maoiniú ó tháillí nó ó thacaíocht ó raon rann rialtais, go háirithe an Roinn Sláinte agus Leanaí agus an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí. Tá baint ag an Roinn Sláinte agus Leanaí le seirbhísí réamhscoile a sholáthar do líon áirithe leanaí faoi mhíbhuntáiste nó atá i mbaol. Lena chois sin, déanann an Roinn Sláinte agus Leanaí iniúchadh ar chur i bhfeidhm Rialachán Réamhscoile sna suímh COLO réamhluaite. Is ar shláinte, sábháilteacht agus leas an linbh is mó a chuireann na rialacháin béim chomh maith le comhlíonadh le reachtaíocht a chinntiú.

Is trí a dualgas oibre comhionannais maidir le rannpháirtíocht ban sa lucht oibre is mó a bhfuil baint ag an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí leis an COLO. Sa bhliain 1999, chuir an Roinn sin *Straitéis Náisiúnta Leanaí* (DJELR, 1999) chuimsitheach le chéile, agus tá roinnt de na moltaí sa straitéis sin á gcur i bhfeidhm tríd an gClár Comhdheiseanna Cúraim Leanaí (EOCP). Le linn na tréimhse 2000-2006, tá An Clár Comhdheiseanna Cúraim Leanaí ag cur €449 milliún ar fáil d'fhorbairt cúraim leanaí; chun a chaighdeán a fheabhsú, chun cainníocht a mhéadú agus chun

2 Réamhscoileanna Gaeilge

cur chuige comhordaithe i leith seachadadh seirbhíse a thabhairt isteach (DJELR, 2004:11). Tá snáithe ar leith laistigh den gClár Comhdheiseanna Cúraim Leanaí, ar a bhfuil €85 milliún leithdháilte, tiomanta d'fheabhsúchán ardchaighdeán i suímh COLO trí oideachas agus oiliúint a sholáthar agus trí ghréasáin tacaíochta a bhunú do sholáthróirí cúraim leanaí *(Area Development Management [ADM]*, 2003). Tá an snáithe seo á chur i bhfeidhm go príomha trí thacú le baill den Chomheagraíocht Náisiúnta Deonach um Chúram Leanaí (NVCC)[3] agus líonra de thríocha trí Coiste Cúraim Leanaí Cathrach agus Contae.

Cuireann an Roinn Oideachais agus Eolaíochta roinnt áiseanna réamhscoile ar fáil ar bhonn spriocdhírithe do leanaí faoi mhíbhuntáiste nó i mbaol a bheith faoi mhíbhuntáiste, go háirithe Tionscadal Shráid Rutland, Réamhscoileanna don Lucht Siúil agus Tús Luath, agus tá an Roinn sin freagrach as na ranganna naíonán sna bunscoileanna freisin.

Eagraíochtaí Pobail agus Deonacha

Le deich mbliana anuas, rinneadh forbairt ar raon leathan seirbhísí COLO lasmuigh den teaghlach, san earnáil dheonach/phobail agus phríobháideach den chuid is mó. Áirítear orthu sin feighlíocht leanaí, altramas lae, grúpaí naíonraí, spraoighrúpaí, creiseanna, spraoighrúpaí pobail, naíonraí lae agus réamhscoileanna. Go traidisiúnta, ní raibh go leor acmhainní ná go leor forbartha déanta ar an eilimint neamhreachtúil seo de sheirbhísí an COLO agus tá an struchtúr reatha fós i dtús forbartha. Bunaíodh eagraíochtaí ballraíochta chun tacú leis na seirbhísí sin, agus tá baint ag an gcuid is mó de na heagraíochtaí ballraíochta anois le comhoibriú níos fearr trína rannpháirtíocht san NVCC. Bhí páirt mhór ag na heagraíochtaí seo maidir le tacaíocht a chur ar fáil agus maidir le doiciméid a chur le chéile chun seirbhísí ar ardchaighdeán a chur chun cinn i measc a mball (féach An Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas an Luath-Óige, 2004b).

Bhí baint ag forbairtí a tharla le gairid in earnáil an COLO in Éirinn le roinnt de na heagraíochtaí sin agus iad ag forbairt agus ag cur i bhfeidhm clár um dhearbhú ardchaighdeán agus clár um fheabhsúchán ardchaighdeán. Fuarthas formh ór an mhaoinithe dóibh sin faoin gClár Comhdheiseanna Cúraim Leanaí (2000-2006). Cé go bhfuil difríochtaí idir comhdhéanamh agus stíl chuir i bhfeidhm na gclár éagsúil seo, léirigh scrúdú ar an ábhar atá iontu agus ar a *modus operandi* a rinne an Lárionad, comhsheasmhacht agus comhaontú suntasach ina bpríomhphróisis (An Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas an Luath-Óige, 2004:81). Chuir *Síolta* leis an gcomhaontú seo d'fhonn a chinntiú go n-úsáidfear an saineolas a forbraíodh laistigh d'earnáil an COLO chun seirbhísí ar ardchaighdeán a chinntiú dár leanaí is óige. Lena chois sin, feidhmeoidh sé mar phointe tagartha coitianta agus mar chreatlach áit ar féidir le tionscnaimh dearbhaithe/feabhsúcháin eile gníomhú.

Tá an Lárionad thar a bheith sásta leis an bhfreagairt dhearfach ón earnáil maidir le forbairt *Síolta*. Ón tús, fuair an Lárionad tacaíocht iontach ón earnáil ar fad agus dá bharr sin cuireadh fóram ar fáil chun saincheisteanna ardchaighdeán a phlé ag comhdhálacha agus seimineáir éagsúla. Is fiú Comhdháil Idirnáisiúnta an Lárionaid i gCaisleán Bhaile Átha Cliath a bhí ar siúl i Meán Fómhair 2004 a lua. *Questions of Quality* a bhí mar theideal ar an gcomhdháil (An Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas an Luath-Óige, 2005a). Thug an chomhdháil seo éagsúlachtaí peirspictíochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta le chéile ar ardchaighdeán sa COLO agus is próiseas thar a bheith luachmhar a bhí ann agus an Lárionad agus an Chreatlach á bhforbairt.

Comhthéacs taighde náisiúnta

Go traidisiúnta ní raibh go leor forbartha nó acmhainní ar fáil do thaighde ar an COLO in Éirinn. Thug *Iniúchadh Taighde* an Lárionaid faoi deara gur luadh *"...saincheist na cáilíochta mar ghné lárnach."* (An Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas an Luath-Óige, 2003a:52) i ngach foilseachán

3. Seo a leanas baill na National Voluntary Childcare Committee: Barnardos; Children in Hospital Ireland; Childminding Ireland; Forbairt Naíonraí Teo; IPPA, the Early Childhood Organisation; Irish Steiner Early Childhood Association; National Children's Nurseries Association agus St. Nicholas Montessori Society of Ireland.

rialtais le deireanas maidir le COLO. Maidir le taighde ag díriú go sonrach ar shaincheist na hardchaighdeán, áfach, is beag gníomhaíocht a bhí ann ar chor ar bith i gcomhthéacs na hÉireann. Léirigh an t-iniúchadh nár bhain ach caoga trí den 1,082 foilseachán liostaithe go díreach le saincheist na hardchaighdeán. Is mór an t-iontas é seo nuair a chuimhnítear ar an leibhéal ard díospóireachta a bhaineann le hardchaighdeán in Éirinn, mórán dó sin nach bhfuil bunús an taighde dhúchasaigh leis. Tá tús curtha ag *Research Strategy* an Lárionaid (An Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas an Luath-Óige, 2003b) le haghaidh a thabhairt ar an easpa taighde sin trí thionscadail taighde a bhaineann le hardchaighdeán a chríochnú, a choimisiúnú agus trí thacú leo. Tá sé seo le feiceáil san fhoilseachán ar shraith táscairí dea-bhraistinte linbh (NCO, 2005) agus taighde eile déanta ag ranna agus gníomhaireachtaí rialtais eile.

Chomh maith leis sin, tá méadú tagtha ar an tsuim atá i saincheist na hardchaighdeán i measc an phobail taighde níos leithne, mar atá le feiceáil ón méadú atá tagtha ar fhoilseacháin taighde ar ardchaighdeán le deireanas atá luaite in *Spléachadh ar an Ardchaighdeán* (An Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas an Luath-Óige, 2004b). Ina theannta sin, de bharr athbheochan chomhdháil *OMEP Ireland* ón mbliain 2002 agus leathnú ar fhóraim chosúla eile do roinnt agus scaipeadh faisnéise, tá feabhas tagtha ar áisiúlacht agus inrochtaineacht faisnéise den sórt sin. Is fianaise bhreise ar an méadú atá tagtha ar an gcomhthéacs taighde é gur thionóil Éire Comhdháil EECERA i mí Mheán Fómhair 2005. Tharla sé seo ag an am céanna agus a tháinig deiseanna níos mó chun cinn d'oiliúint agus oideachas iarchéime sa COLO i roinnt coláistí agus ollscoileanna tríú leibhéal, rud a chuir leis an méid saineolais taighde atá ar fáil in Éirinn.

Comhthéacs idirnáisiúnta

Is léiriú ar threochtaí idirnáisiúnta é an phróifíl mhéadaithe atá ag an COLO in Éirinn. Aithníodh é seo i dTuarascáil na hEagraíochta um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (OECD), *Starting Strong* (OECD, 2001:135), a chuir béim ar an bpointe *"…quality is high on the agenda…"*. Tá sé cruthaithe ag taighde idirnáisiúnta, go háirithe staidéir fhadtréimhseacha, go bhfuil nasc idir soláthar ardchaighdeán agus torthaí forbarthacha dearfacha fadtréimhseacha do leanaí (Sammons *et al*., 2002, Mooney *et al*., 2003). Cinntíonn buntáistí an COLO maidir le torthaí dearfacha sóisialta, oideachais agus mothúchánacha, a laghdaíonn na drochéifeachtaí a bhaineann le bochtaineacht agus míbhuntáiste agus a chuireann comhdheiseanna chun cinn d'fhir agus do mhná, go mbíonn tús áite aige i mbeartais roinnt mhaith tíortha (Martin, 2001).

Ceann de na piléir thaighde a thacaíonn le forbairt *Síolta* ba ea athbhreithniú idirnáisiúnta ar ardchaighdeán i sé thír, *Making Connections* (An Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas an Luath-Óige, 2004c). Léiríonn an staidéar seo ar an gcomhthéacs idirnáisiúnta raon agus fairsinge na múnlaí soláthair COLO i bhfeidhm, gach ceann acu ag feidhmiú go rathúil ina ndlínsí féin. Léirigh an t-athbhreithniú nach bhfuil aon mhúnla idéalach amháin ann agus gurb é gnó gach tír córas COLO a fhorbairt a thagann lena suíomh ar leith. Mar shampla, d'fhéadfadh múnla atá thar a bheith rathúil i gcomhthéacs amháin a bheith neamhfheiliúnach go hiomlán do chomhthéacs eile, agus cé gur féidir linn ceachtanna a fhoghlaim ó dhlínsí eile, moltar go láidir gan múnlaí eachtrannacha a úsáid. Seo a leanas cuid de na hollcheachtanna atá le foghlaim, gnéithe atá coitianta d'ardchaighdeán a bhaint amach go hidirnáisiúnta:

- Creatlach beartais chomhordaithe;
- Úsáid a bhaint as sainmhíniú leathan agus solúbtha ar ardchaighdeán a chuireann peirspictíochtaí éagsúla na bpáirtithe leasmhara san áireamh;
- Creatlach measúnaithe a bheith i bhfeidhm atá comhairleach agus ionchumhachtaithe;
- Tiomantas agus rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara ar fad;
- Dlúth-rannpháirtíocht, agus comhpháirtíocht le,

tuismitheoirí;

- Infrastruchtúr tacaíochta a sholáthar a chinntíonn go mbaintear ardchaighdeán amach agus go ndéantar í a chothabháil;
- Béim ar oiliúint agus ar cháilíocht na gcleachtóirí;
- Cur chuige comhtháite i leith leanaí faoi mhíbhuntáiste nó leanaí a bhfuil riachtanais speisialta acu (An Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas an Luath-Óige, 2004b).

Lena chois sin, d'aithin an t-athbhreithniú contanam ardchaighdeán a bhí le brath sna sé thír a bhí faoi athbhreithniú, ag dul ó sheirbhísí COLO domhanda ar bhain soláthar ar chaighdeán íseal leo go dtí seirbhísí ar ardchaighdeán. Tá dul chun déanta ag an Iorua agus ag an tSualainn, a bhfuil córais COLO inmhaíte acu anois, ar an gcontanam seo le blianta anuas chun a seasamh reatha a bhaint amach. Cé go bhfuil seirbhísí COLO san Iorua agus sa tSualainn neamhrialaithe den chuid is mó faoi láthair, is tréimhse de rialúchán lárnach agus dian a bhí i bhfeidhm roimhe seo, agus bhí tionchar dearfach aige sin ar a hardchaighdeán. Cuireann sé sin ar chumas tíortha den sórt sin béim níos mó a chur ar na gnéithe dinimiciúla d'ardchaighdeán mar go bhfuil caighdeán na n-athróg statach dearbhaithe anois. Tá Éire, agus tíortha eile san athbhreithniú, ag staid níos luaithe forbartha ar an gcontanam seo. Cuireann *Síolta* an contanam forbartha seo san áireamh, rud a léiríonn feasacht ar sheasamh reatha na hÉireann ar an gcontanam agus a bheartaíonn dul chun cinn níos mó de sheirbhísí COLO.

Ina theannta sin, ghlac Éire páirt i roinnt athbhreithnithe trasnáisiúnta maidir leis an COLO a fuair sonraí luachmhara ina leith seo (An Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas an Luath-Óige, 2004b:39-42).

Achoimre

Foilsítear *Síolta* ag am a bhfuil béim náisiúnta agus idirnáisiúnta nach bhfacthas riamh cheana ar shaincheist seirbhísí COLO ar ardchaighdeán, agus a ról maidir le feabhas a chur ar an saol dár leanaí is óige. Tiomsaíonn sé agus bailíonn sé comh-mhóiminteam earnáil an COLO le blianta beaga anuas i dtreo ardchaighdeán a bhaint amach agus cuireann sé pointe tagartha ar fáil dóibh siúd ar fad atá bainteach le seirbhísí COLO san iarracht seo. Tá obair mhór déanta le deich mbliana anuas i dtreo comhthéacs beartais, cleachtais agus taighde a sholáthar a thacaíonn le soláthar ardchaighdeán dár leanaí is óige. Tá infheistíocht na hÉireann i seirbhísí COLO níos lú ná 0.2% den Olltáirgeacht Náisiúnta, áfach, figiúr i bhfad taobh thiar den mheán Eorpach (OECD, 2004). Is páirtí gníomhach í Éire san Aontas Eorpach le blianta anuas agus tá a síniú le conclúidí Chomhairle Eorpach Barcelona (2002) chun cúram leanaí a sholáthar faoi 2010 do 90% ar a laghad de leanaí idir trí bliana agus sé bliana d'aois, agus do 33% de leanaí faoi thrí bliana d'aois (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 2004b:20). Cé go bhfuil go leor bainte amach, tá Éire tiomanta i bhfad níos mó a bhaint amach sna blianta amach romhainn, tiomantas a rachaidh chun sochair leanaí uile na hÉireann, agus ar deireadh a rachaidh chun sochair na sochaí ina hiomláine.

síolta an chreatlach náisiúnta cáilíochta d'oideachas na luath-óige **lámhleabhar tosaigh**

Cuid a Dó
An Próiseas Forbartha

Cuid a Dó
An Próiseas Forbartha
Na 'Ceithre Philéar Taighde'

Chuir *Clár Oibre* an Lárionaid síos ar chlár oibre trí bliana bunaithe ar chuspóirí agus feidhmeanna an Lárionaid (An Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas an Luath-Óige, 2001). Tharla ceann de na príomhchuspóirí sin, cur le chéile na Creatlaí Náisiúnta Cáilíochta do COLO in Éirinn, mar bhunús do mhéid suntasach taighde agus forbartha agus, go háirithe, gurb é ba chúis leis na ceithre philéar shuntasacha taighde. Aithníodh iad seo mar chúiseanna ríthábhachtacha maidir le tacú le forbairt *Síolta*, mar atá léirithe i bhFíor 1 thíos.

Is ar ardchaighdeán i gcomhthéacs na hÉireann is mó a bhí béim na gceithre philéar taighde, agus cuireadh peirspictíocht idirnáisiúnta san áireamh freisin chun éagsúlacht a chur lenár ndearcaí féin. Tá cur síos ar na ceithre philéar anseo, agus tá téacs iomlán gach aon cheann le fáil ar an CD-Rom atá in éineacht leis an bpacáiste seo nó ag **www.cecde.ie**. Seo a leanas na ceithre philéar:

Fíor 1: Gnéithe den Taighde atá mar bhuntaca ag *Síolta*

- Is tuarascáil é ***Ardchaighdeán faoi Chaibidil*** maidir le comhairliúchán náisiúnta a rinne an Lárionad go deireanach sa bhliain 2003 (An Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas an Luath-Óige, 2004a). Chuathas i gcomhairle le thart ar cheithre chéad páirtí leasmhar (lena n-áirítear cleachtóirí, tuismitheoirí, lucht déanta beartais, taighdeoirí, gairmithe sláinte agus mic léinn) in earnáil an COLO maidir leis na gnéithe ar fad a bhaineann le sainmhíniú a thabhairt, measúnú a dhéanamh agus tacú le hardchaighdeán in Éirinn.
- Is athbhreithniú é ***Spléachadh ar an Ardchaighdeán*** ar na gnéithe uile a bhaineann le beartas, cleachtas agus taighde maidir le hardchaighdeán in Éirinn ó 1990 (An Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas an Luath-Óige, 2004b). Déanann sé scrúdú ar os cionn trí chéad foilseachán ó ghníomhaireachtaí reachtúla agus neamhreachtúla agus cuireann sé impleachtaí agus moltaí le chéile d'fhorbairt *Síolta*.
- Is athbhreithniú idirnáisiúnta é ***Making Connections*** ar ardchaighdeán sa COLO a bhaineann le sé thír ar fud an domhain, eadhon, An Iorua, An tSualainn, An Ghearmáin, An Phortaingéil, Tuaisceart Éireann agus An Nua-Shéalainn. Déanann sé iniúchadh ar gach gné beartais, cleachtais agus taighde sna tíortha seo ar bhonn téamach agus críochnaíonn sé le himpleachtaí d'fhorbairt *Síolta* i gcomhthéacs na hÉireann (An Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas an Luath-Óige, 2004c).
- Is measúnú téamach é ***Luath-Óige in Éirinn – Fianaise agus Peirspictíochtaí*** ar fhorbairt agus foghlaim an linbh in Éirinn bunaithe ar léirmheas forleathan litríochta (An Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas an Luath-Óige, 2005b).

Cé gur foilseacháin thábhachtacha agus luachmhara iad iontu féin, le chéile cuireann na doiciméid seo bunús maith ar fáil d'fhianaise taighde ar féidir forbairt agus cur i bhfeidhm *Síolta* a bhunú i gcomhthéacs na hÉireann. Scríobhadh iad agus rinneadh taighde orthu don chuspóir seo agus tá siad deartha chun bunús a thabhairt d'obair an Lárionaid chun an príomhchuspóir seo a bhaint amach.

Thug forbairt *Síolta* aghaidh ar thrí ghné ar leith, ach a bhí bainteach lena chéile ag an am céanna:

- Forbairt phríomhshraith Prionsabal, Caighdeán agus Comhpháirteanna comhaontaithe, a thugann sainmhíniú ar ardchaighdeán i chomhthéacs na hÉireann;
- Forbairt ar thograí do mheasúnú/meastóireacht sa chomhthéacs a bhaineann le *Síolta* a chur i bhfeidhm;
- Plédhoiciméad a fhorbairt i leith tacú le hardchaighdeán sa chomhthéacs a bhaineann le *Síolta* a chur i bhfeidhm.

Nóta ar Choiste Comhairleach an Lárionaid

Sula ndéanaimid cur síos ar phríomhghnéithe an phróisis forbartha, is cabhair é cur síos a dhéanamh ar an struchtúr príomhúil atá curtha i bhfeidhm ag an Lárionad chun an próiseas comhairliúcháin a éascú le hearnáil an COLO. I mí Mheán Fómhair 2003, cuireadh tús le Coiste Comhairleach an Lárionaid. Tá caoga páirtí leasmhar ionadaíoch in earnáil an COLO ar an gCoiste Comhairleach agus is í an fheidhm atá aige comhairle a chur ar an Lárionad maidir lena chuid oibre (Féach Aguisín 1). Chun críche comhairliúcháin ar an gCreatlach, bhí trí fheidhm ar leith ag an gCoiste Comhairleach:

- *Ionadaíocht a dhéanamh ar dhearcaí ghrúpaí na bpáirtithe leasmhara;*
- *Próiseas comhairliúcháin na Creatlaí a chur in iúl do chomhghleacaithe/baill ar son an Lárionaid;*
- *Fócas cleachtais a chothabháil laistigh den Chreatlach.*

Cé go raibh an comhairliúchán díreach déanta le caoga eagraíocht de pháirtithe leasmhara, tá sé soiléir go raibh comhairliúchán níos leithne ar siúl laistigh de na heagraíochtaí seo agus iad ag cur aiseolais ar fáil don Lárionad ar ghnéithe éagsúla na Creatlaí, chomh maith le haighneacht ar thacú le cáilíocht (féach Cuid a Sé). Chuir roinnt eagraíochtaí, mar shampla, dréachtdoiciméid dá mballraíocht iomlán ar aghaidh le léargas a thabhairt orthu, agus bhí fócasghrúpaí nó seimineáir ag eagraíochtaí eile chun dearcaí na mball a fháil.

Prionsabail na Cáilíochta a Fhorbairt

Nuair a bhí an fhianaise taighde bailithe, chuir an Lárionad tús le meiteanailís ar na torthaí agus impleachtaí ar fad d'fhonn príomhphrionsabail a chur le chéile d'fhorbairt *Síolta*. Bhí cruthú os cionn ceithre mhíle focal tábhachtach i gceist anseo, a cuireadh i ndeich n-ollchatagóir de réir téama ina dhiaidh sin. Ina dhiaidh sin, úsáideadh na catagóirí sin chun Prionsabail *Síolta* a aithint, agus bhí an bailiúchán saibhir d'fhocail ghaolmhara mar bhunús don fhoclóir a úsáideadh sna Prionsabail agus sna Nótaí Míniúcháin.

Próiseas comhairliúcháin

Nuair a bhí na Ráitis Phrionsabail agus na Nótaí Míniúcháin curtha i dtoll a chéile, reáchtáladh cruinniú de Choiste Comhairleach an Lárionaid i mí na Samhna 2004. Ag an gcruinniú seo, rinneadh cur síos ar an líne ama agus ar an bpróiseas molta chun *Síolta* a fhorbairt agus sonraíodh ról an Choiste Chomhairligh agus comhaontaíodh air. Léiríonn Fíor 2 thíos an líne ama chun *Síolta* a fhorbairt.

Fíor 2: Líne Ama na Creatlaí 2004-2005



Mar atá léirithe, forbraíodh *Síolta* i leith na dtrí snáithe seo de shainmhíniú, measúnú agus tacú le hardchaighdeán. Tháinig athrú ar an gcur chuige seo ón gcéad chomhairliúchán le hearnáil an COLO, a d'aithin iad seo mar na hathróga uileghabhálacha a chabhraíonn le hardchaighdeán a bhaint amach i suímh oideachais na luath-óige (An Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas an Luath-Óige, 2004a).

Dhírigh an phríomhbhéim de na staid tosaigh den phróiseas forbartha ar shainmhíniú ar hardchaighdeán, eadhon Prionsabail, Caighdeáin agus Comhpháirteanna Cáilíochta a aithint agus a chomhaontú.

Scaipeadh na dréacht-Phrionsabail ar bhaill an Choiste Chomhairligh go luath i mí na Nollag 2004, le dáta fillte de lár mhí Eanáir ag baint leo. D'fhéadfaí aiseolas a chur ar ais i bhfoirm chrua nó trí áis ar líne a forbraíodh go speisialta don chuspóir sin. Bhí an ráta freagartha thar a bheith sásúil ag 48%, mar a bhí an leibhéal ard comhaontaithe leis na Prionsabail a tháinig chun cinn.

Mhol roinnt eagraíochtaí gur cheart roinnt focal a athrú sna Prionsabail agus sna Nótaí Míniúcháin, próiseas a chur go mór leis an bhfoclaíocht agus leis an tsoiléireacht. Mar thoradh ar an aiseolas, cuireadh dhá phrionsabal sa bhreis leis an gcéad deich gcinn, agus athraíodh an fhoclaíocht i gcinn eile chun dearcaí na hearnála a léiriú. Ag an dara cruinniú den Choiste Comhairleach faoi *Síolta* go luath i mí an Mhárta, cuireadh aiseolas mionsonraithe ar fáil agus eagraíodh fóram do phlé agus díospóireacht maidir leis na Prionsabail athbhreithnithe.

Na Caighdeáin a Fhorbairt

I gcomhar leis an athbhreithniú ar na Prionsabail, lean an Lárionad ar aghaidh leis an bpróiseas a bhain le dréacht-Chaighdeáin Cháilíochta a fhorbairt. Léiríonn siad seo an t-aistriúchán praiticiúil ar an bhfís, atá le fáil sna Prionsabail, isteach i gcleachtas. Cuireadh na Caighdeáin le chéile bunaithe ar anailís bhreise ar thorthaí/impleachtaí na gceithre philéar taighde. D'aithin an próiseas seo sé phríomhréimse dhéag cleachtais. Tástáladh iad seo i gcoinne sampla de chláir idirnáisiúnta um dhearbhú ardchaighdeáin /feabhsúcháin chun cuimsitheacht na gCaighdeán a dhearbhú.

I ndiaidh chruinniú an Choiste Comhairligh go luath i mí an Mhárta 2005, áit ar tugadh isteach na Caighdeáin, cuireadh na dréacht-Chaighdeáin ar aghaidh chuig gach ball den Choiste Comhairleach chun dul i gcomhairle lena (h)eagraíocht féin fúthu. Ar iarratas, cuireadh aistriúchán Gaeilge de na hábhair ar fáil do bhaill an Choiste Comhairligh chun an próiseas comhairliúcháin níos leithne a éascú ina ngrúpaí féin.

Fuair an dara céim comhairliúcháin seo ráta freagartha de 58% le leibhéal an-ard comhaontaithe ar na sé Chaighdeán déag a moladh. Bhí an próiseas a úsáideadh chun aiseolas a chuimsiú sna Caighdeáin díreach mar a chéile leis an bpróiseas a úsáideadh do na Prionsabail. Cé gur tháinig athrú ar theidil agus ar fhoclaíocht go leor de na Caighdeáin bunaithe ar an aiseolas, níor iarradh Caighdeáin bhreise ar bith.

Comhpháirteanna Cáilíochta agus Deiseanna Mhachnaimh

Arís eile, fad is a bhí baill an Choiste Comhairligh ag déanamh machnaimh ar na Caighdeáin, bhíothas i mbun na gComhpháirteanna Cáilíochta agus Deiseanna Mhachnaimh a fhorbairt. Forbraíodh na Comhpháirteanna bunaithe go díreach ar chruinneas na gCaighdeán, de réir mar a bhristear a n-ábhair síos a thuilleadh do chur i bhfeidhm i gcleachtas. Cruthaíodh na Deiseanna Mhachnaimh chun athmhachnamh a spreagadh ar fhorálacha na gComhpháirteanna. Rinneadh athbhreithniú freisin ar roinnt múnlaí náisiúnta agus idirnáisiúnta de dhearbhú ardchaighdeáin sa COLO, a aithníodh laistigh den cheithre philéar taighde, le linn an phróisis seo chun comhoiriúnacht le cleachtas reatha a chinntiú.

Scaipeadh na Comhpháirteanna agus na Deiseanna Mhachnaimh ar gach ball den Choiste Comhairleach an 30

Bealtaine 2005 i bhfoirm cóip chrua agus mar nasc chuig láithreán gréasáin an Lárionaid. Bhí ráta freagartha maith ón gCoiste Comhairleach maidir leis an gcomhairliúchán ar na Comhpháirteanna agus na Deis Mhachnamh ag 54%. De bharr nádúr leathan na n-ábhar a scaipeadh sa chéim seo den chomhairliúchán, na deacrachtaí freisin a bhí ann comhairliúchán inmheánach a reáchtáil lena gcomhghleacaithe/baill, bhíothas ag súil go mb'fhéidir go mbeadh an ráta freagartha níos ísle ná sna céimeanna a tháinig roimhe. Is léiriú soiléir é an ráta ard freagartha ar thiomantas láidir earnáil an COLO in Éirinn maidir le hardchaighdeán a bhaint amach i soláthar seirbhíse COLO. Ina theannta sin, tá neart fianaise ann gur reáchtáil go leor eagraíochtaí comhairliúchán forleathan lena mbaill, dá bhrí sin ag leathnú scóip an phróisis rannpháirtíochta.

Chomh maith le hathruithe sna focail, seo a leanas cuid de na téamaí eile a tháinig ón aiseolas:

- Líon na Deiseanna Mhachnaimh a laghdú – cé go raibh sé seo de ghnáth in éineacht le hiarratas chun roinnt Deiseanna Mhachnaimh nua a chur san áireamh a bhain go sonrach le heagraíochtaí ar leith! Chuathas i ngleic leis na hiarratais chontrátha trí líon na mboscaí 'Smaoinigh air' a mhéadú agus trí líon na Deiseanna Mhachnaimh a laghdú.
- An teanga a úsáidtear i ngach ceann de na suímh a phearsanú ionas go mbeadh baint níos mó aici leo siúd ar fad a bhfuil baint acu leis an gCreatlach laistigh de raon éagsúil suíomh.
- Tríd is tríd, bhí comhaontú ginearálta ann na Comhpháirteanna uile a chur san áireamh i *Síolta*, agus seachas roinnt athruithe ar na focail agus dhá Chomhpháirt a chur le chéile laistigh den Chaighdeán ar Thimpeallachtaí, d'fhan bunús na gComhpháirteanna bunúsacha mar a chéile.

Comhairliúchán le tuismitheoirí

Cuireadh tús le próiseas comhairliúcháin shonraigh agus dhírithe le tuismitheoirí i mí an Mhárta 2005 mar aitheantas ar an ról príomhúil atá acu i gcúram agus oideachas a leanaí. Léirigh an comhairliúchán seo snáithe breise de chomhairliúchán le tuismitheoirí, a bhfuil ionadaíocht acu freisin ar ár gCoiste Comhairleach. D'aithin an próiseas príomh-shaincheisteanna do thuismitheoirí maidir le seirbhísí COLO ar ardchaighdeán. Cuireadh aiseolas ar fáil freisin maidir leis na Prionsabail agus na Caighdeáin sa Chreatlach, a bhí forbartha cheana féin ag an staid seo. Foilseofar torthaí an chomhairliúcháin leis na tuismitheoirí go ríghairid.

Aistriúchán go Gaeilge

Bhí an Lárionad tiomanta ón tús a chinntiú go raibh fáil ag gach páirtí leasmhar in earnáil an COLO ar ár bhfoilseacháin, soláthar aistriúchán Gaeilge san áireamh. Dá bharr sin, cuid lárnach d'fhorbairt *Síolta* a bhí ann na hábhair a aistriú go Gaeilge le cinntiú gur foilsíodh leaganacha Béarla agus Gaeilge ag an am céanna. Chomh luath agus a bhí comhaontú faighte ar na Prionsabail, aistríodh agus foilsíodh iad ar ár láithreán gréasáin. Ar iarratas, aistríodh na dréacht-Chaighdeáin roimh chomhairliúchán de bhrí is go raibh níos mó baint acu le gnáthchleachtas agus mar gheall air sin theastaigh comhairliúchán praiticiúil le baill uathu ag baint úsáide as na Caighdeáin trí mheán na Gaeilge. A luaithe agus a bhí na hathruithe agus na leasuithe curtha i bhfeidhm i ndiaidh an chomhairliúcháin seo, aistríodh dréacht deiridh. Aistríodh na dréacht-Chomhpháirteanna ar fad freisin d'fhonn comhairliúchán i nGaeilge a éascú, aistríodh na Deiseanna Mhachnaimh do sheirbhísí Seisiúnacha freisin, a bhaineann le suímh Naíonraí3. Tugadh faoi phróiseas cosúil ansin, áit a aistríodh an dréacht deiridh arís, leis na leasuithe ar fad ar tarraingíodh aird orthu sa phróiseas comhairliúcháin.

Sain-Ghrúpa Oibre

Tionscnamh tábhachtach eile den Lárionad is ea Sain-Ghrúpa Oibre ar an nGaeilge a bhunú, ar a raibh baill foirne an Lárionaid, aistritheoir ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus saineolaí Gaeilge le saineolas ar an COLO (féach Aguisín 1). Is é ról an Sain-Ghrúpa Oibre athbhreithniú a dhéanamh ar

aistriúcháin le cinntiú go léiríonn siad an leibhéal ard castachta atá sna míniúcháin a úsáidtear i *Síolta* agus chun athbhreithniú a dhéanamh ar an téarmaíocht a úsáidtear. Chas an grúpa seo ar a chéile go minic le cinntiú nach raibh na mionsonraí a bhí san áireamh sa Bhéarla caillte san aistriúchán Gaeilge, agus go raibh sé inrochtana agus sothuigthe do gach páirtí leasmhar in earnáil an COLO.

Dearadh *Síolta*

Mar aitheantas ar an tosaíocht ard a tugadh d'ábhair *Síolta* a dhéanamh chomh héasca le húsáid agus ab fhéidir, d'fhostaigh an Lárionad cuideachta deartha chun foilsiú na Creatlaí Náisiúnta Cáilíochta a thabhairt chun cinn. Chuir an Lárionad béim ar roinnt tréithe tábhachtacha ar cheart do dhearadh na Creatlaí a chur chun cinn, cosúil le soiléireacht, éascaíocht úsáide agus ba cheart go mbeadh sé suimiúil agus é a bheith curtha i láthair ar bhealach mealltach. Chomh maith leis sin ba chóir go mbeadh na hábhair láidir, éasca le haithint, eagraithe go soiléir, éasca le húsáid, agus éasca le fótachóipeáil.

Achoimre

Léiríodh forbairt *Síolta* trí phróiseas córasach agus dian de thaighde agus comhairliúchán. Dhírigh an taighde ar chomhthéacs náisiúnta agus idirnáisiúnta na hardchaighdeáin sa COLO, agus léiríonn sé sárbheartas, sárchleachtas agus sárthaighde san earnáil. Bhí an próiseas comhairliúcháin forleathan agus leath sé ar fud an phróisis forbartha ar fad. Rinneadh an próiseas seo a dhoiciméadú agus a fhoilsiú d'fhonn trédhearcacht agus oscailteacht a chinntiú maidir le gach gné d'fhorbairt na Creatlaí.

síolta an chreatlach náisiúnta cáilíochta d'oideachas na luath-óige **lámhleabhar tosaigh**

Cuid a Trí

Tréithe *Síolta*

3

Cuid a Trí
Tréithe *Síolta*

Baineann roinnt príomhthréithe le *Síolta*, atá tábhachtach maidir le teacht ar thuiscint ar an gcaoi a bhfeidhmíonn an Chreatlach. Cinntíonn na tréithe seo gur féidir fís na Creatlaí a bhaint amach agus go mbeidh an t-uasmhéid forthorthaí tairbheacha ann do pháirtithe leasmhara uile an COLO.

- Tá eilimintí uile *Síolta* **idirnasctha agus idirghaolmhar**, agus ní fiú féachaint ar eilimint amháin ina haonar. Oibríonn na Prionsabail, Caighdeáin agus Comhpháirteanna Cáilíochta i dteannta a chéile le sainmhíniú comhleanúnach d'ardchaighdeán a fhorbairt i suímh COLO. Ag an am céanna, cuirfidh meicníochtaí measúnaithe agus tacaíochta le baint amach agus cothabháil na físe ardchaighdeán mar atá leagtha amach sna Prionsabail.

- Tá **Inrochtaineacht** ar ghné lárnach den Chreatlach. Tá an t-ábhar atá le fáil i *Síolta* scríofa ar bhealach soiléir, gan athbhrí, chun tuiscint agus rannpháirtíocht fhorleathan a chur chun cinn i measc na n-úsáideoirí uile. Dearadh é ionas go mbeadh na cleachtóirí ar fad in ann é a leanúint gan stró ar bith, trí chóras dathchódaithe agus treoracha soiléire úsáide. Chomh maith leis sin, tá sé aistrithe go Gaeilge ionas go mbeidh sé éasca é a úsáid i suímh atá ag feidhmiú trí mheán na Gaeilge.

- Tá *Síolta* **dírithe ar phróiseas seachas ar tháirge**, agus príomheilimint den Chreatlach is ea athmhachnamh a dhéanamh ar chleachtas. Cinntíonn sé seo go bhfuil an bhéim i *Síolta* ar thuras leanúnach, ag obair i dtreo cleachtas atá ar ardchaighdeán a bhaint amach. Feidhmíonn an Chreatlach mar uirlis fhorbarthach laistigh den phróiseas seo, a chuireann le cleachtas agus a dhéanann tuilleadh forbartha air.

- Cuireann *Síolta* **leis an saineolas agus an taithí náisiúnta atá ann cheana féin**, agus feidhmíonn sé chun luas a chur faoin móiminteam i dtreo ardchaighdeán, atá le feiceáil go soiléir in earnáil an COLO, a bhaint amach. Ós rud é go bhfuil sé bunaithe ar bheartas, cleachtas agus taighde náisiúnta agus idirnáisiúnta reatha, cuireann sé pointe tagartha ar fáil do thionscnaimh ardchaighdeán náisiúnta agus idirnáisiúnta eile.

- Príomhthréith de *Síolta* is ea **comhionannas**, agus tá gach Caighdeán profaithe maidir le comhionannas, ar aon dul leis na Prionsabail.

- Glactar **cur chuige uilechoiteann** maidir le gach leanbh i *Síolta*. Tugtar stádas comhionann do leanaí agus aosaigh uile laistigh den Chreatlach, le béim ar na cumais agus láidreachtaí atá ag gach leanbh agus aosach.

- Bhí **oscailteacht agus trédhearcacht** thar a bheith tábhachtach nuair a bhí *Síolta* á cheapadh. Thacaigh comhairliúchán fairsing leis na páirtithe leasmhara ar fad leis seo, comhairliúchán a bhí ar siúl roimh agus i rith an phróisis forbartha. Tá torthaí an phróisis sin foilsithe nó is furasta teacht orthu.

- Leagann *Síolta* béim dhearfach ar **Éagsúlacht**, rud atá soiléir san imní atá ann maidir le leasanna na ngrúpaí mionlaigh agus san aitheantas atá á thabhairt d'fhéiniúlacht chultúrtha.

- Tá *Síolta* deartha le bheith **cuimsitheach** agus infheidhmithe do leanaí uile in Éirinn, ó bhreith go sé bliana d'aois. Díríonn *Síolta* ar an bpoitéinseal atá ag gach leanbh forbairt agus foghlaim sna blianta tosaigh den saol.

- Tugann an Chreatlach **aitheantas, luacháil agus tacaíocht do gach aosach** atá ag obair le leanaí sna blianta tosaigh den saol.

- Gné dhílis de *Síolta* is ea **Solúbthacht**. Cinntíonn sé seo go bhfuil sé infheidhmithe agus inoiriúnaithe i raon leathan cásanna agus comhthéacsanna, agus do raon leathan úsáideoirí aonair agus foirne.

- Ar deireadh, tá *Síolta* **dúshlánach**. Éilíonn sé:

  – Go ndéanaimid tréaniarracht níos mó ná na bunchaighdeáin a bhaint amach;

  – Plé, díospóireacht agus forbairt dhinimiciúil agus leanúnach, agus ag an am céanna daingniú agus príomhshruthú na rudaí dearfacha atá bainte amach againn a chinntiú;

  – Go gcinntímid go seastar le príomhluachanna agus príomhphrionsabail go docht daingean, agus ag an am céanna ag cur éagsúlacht shaibhir na gcur chuige éagsúla chun é seo a bhaint amach san áireamh;

  – Go bhforbróimid an ghairmiúlacht agus stádas gairmiúil agus féiniúlacht na ndaoine a bhíonn ag obair le leanaí óga, agus ag an am céanna ag cinntiú nach gcaillfear aon chuid den saineolas fíorluachmhar atá againn nó go bhfágfar ar leataobh é;

  – Go bhfuil gach duine againn sách cróga ligean do dhaoine eile mionscrúdú a dhéanamh ar ár gcleachtas, le súil go mbeidh tairbhe le baint as a leithéid i dtéarmaí tacaíocht a thabhairt dár bhforbairt ghairmiúil féin.

síolta an chreatlach náisiúnta cáilíochta d'oideachas na luath-óige **lámhleabhar tosaigh**

Cuid a Ceathair
Measúnú ar Ardchaighdeán

4

Cuid a Ceathair
Measúnú ar Ardchaighdeán

Réasúnaíocht

Tá an phríomhréasúnaíocht atá ann do mheasúnú a dhéanamh le creatlach *Síolta* le fáil sa Pháipéar Bán ar an Oideachas Luath-Óige, *Ready to Learn* (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 1999a). Príomhphrionsabal den doiciméad seo is ea a aithint go bhfuil fíorthábhacht ag baint le caighdeán an tsoláthair seirbhíse i saol na leanaí óga agus a dteaghlach (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 1999a:43). D'fhonn tacú le forbairt seirbhísí ar ardchaighdeán, moladh gur cheart córas náisiúnta um dhearbhú ardchaighdeán a cheapadh, córas a bheadh éigeantach do na seirbhísí uile a fhaigheann maoiniú ón stát agus a bheadh deonach do na seirbhísí eile ar fad. Príomhchuid den chóras seo a bheadh sa mheasúnú agus ar deireadh thiar bheadh gradam le fáil sa chás go n-éireodh le soláthróirí na caighdeáin cháilíochta réamhshocraithe a bhaint amach.

Is léir ón bPaipéar Bán ar an Oideachas Luath-Óige go gciallóidh aitheantas a bhaint amach trí ghradam, go mbeidh rannpháirtíocht i bpróiseas forbarthach i gceist a mbeidh tacaíocht agus treoir ag teastáil uaidh (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 1999a:121). Measadh go gcuirfeadh measúnú a mbeadh baint aige le córas gradaim na próisis fhorbarthacha a raibh seirbhísí páirteach iontu san áireamh:

> *Inspectors will also assist providers to attain the QE [Quality in Education] standards by identifying the areas where improvements are required and by suggesting approaches which providers could take to achieve the improvements.* (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 1999a:121)

Níl a leithéid de mhúnla forbarthach gan fasach in Éirinn. Tá córas tacaíochta i bhfeidhm ag a lán de na heagraíochtaí pobail agus deonacha (Féach Cuid a dó) do sholáthróirí atá ag iarraidh a sainchritéir ardchaighdeáin féin a bhaint amach (An Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas an Luath-Óige, 2004b). Baineann scéimeanna um dhearbhú ardchaighdeáin idirnáisiúnta úsáid as múnlaí forbarthacha de mheasúnú agus dearbhú ardchaighdeáin freisin (An Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas an Luath-Óige, 2004c). Tá cuid de na múnlaí reachtúla de dhearbhú hardchaighdeáin is forbartha san Astráil agus sa Nua-Shéalainn, agus i Stáit Aontaithe Mheiriceá tá clár forbartha ag an *Association for the Education of Young Children* (NAEYC), atá curtha i bhfeidhm go forleathan. (NAEYC, 2005; National Childcare Accreditation Council Inc., 2004a; 2004b; 2004 c).

Tá leas bainte ag *Síolta* as múnlaí measúnaithe ardchaighdeáin náisiúnta agus idirnáisiúnta sa COLO. Tá faisnéis faighte ag *Síolta* freisin ó thaighde comhairliúcháin náisiúnta atá déanta ag an Lárionad, a bhí ag lorg tuairime sainiúla faoi mheasúnú sa COLO in Éirinn. Léirigh forthorthaí an chomhairliúcháin seo go raibh comhaontú láidir ann go mbeadh na gnéithe éagsúla de, agus peirspictíochtaí ar ardchaighdeán, mar bhunús le measúnú ar bith ar ardchaighdeán. Lena chois sin, cuireadh an-bhéim ar an riachtanas atá ann go mbeadh measúnú inmheánach agus seachtrach ann, agus ar phróisis mheasúnaithe mhúnlaitheacha agus chríochnaitheacha. Chomh maith leis sin, leagadh béim ar an tábhacht a bhaineann le hoscailteacht agus trédhearcacht i bpróisis mheasúnaithe, d'fhonn bailíocht agus iontaofacht agus 'cothroime' na gcritéir d'ardchaighdeán a chinntiú (An Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas an Luath-Óige, 2004a).

Próisis mheasúnaithe

Beidh ról bunúsach maidir le próisis athraithe a spreagadh agus a atreisiú ag an measúnú a dhéanfar ar ardchaighdeán laistigh de *Síolta*. I gcomhthéacsanna go leor, is féidir linn a thabhairt faoi deara go mbeidh tionchar ag an ábhar a bheidh á mheasúnú ar nádúr an chleachtais. Tá ciallachas d'fhorbairt ardchaighdeáin ag an ráiteas seo a leanas a bhaineann le hathchóiriú curaclaim:

> *Assessment is the tail that wags the curriculum dog. If we want to see real curriculum reform, we must simultaneously achieve reform of assessment practices.* (Bredekamp agus Rosegrant, 1992:29)

Fíor 3: Bís feabhsúcháin cáilíochta *Síolta*



Tá sé thar a bheith tábhachtach mar sin go ndíríonn cleachtais mheasúnaithe ar fhorbairtí a bhaineann amach fís *Síolta* mar atá sé leagtha amach sna Prionsabail, Caighdeáin agus Comhpháirteanna.

Léiríonn Fíor 3 thíos, bís feabhsúcháin na Creatlaí a shamhlaíonn an triall ar ardchaighdeán sna seirbhísí COLO mar phróiseas leanúnach spreagtha agus treisithe trí thimthriallta measúnaithe, forbartha agus gníomhaíochta.

Is féidir measúnú laistigh de *Síolta* a chur i gcatagóirí go ginearálta, mar fhoirmiúil nó neamhfhoirmiúil, seachtrach nó inmheánach, ag brath ar an am nó ar an gcomhthéacs. Cé gur féidir gach ceann de na tuarascálacha seo a lua le tréithe sainiúla, mar atá leagtha amach thíos, tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara i gcomhthéacs *Síolta* go bhfuil na tréithe uile idirspleách agus ar comhluach.

Tá **measúnú foirmiúil** beartaithe, déantar measúnú ag eatraimh rialta, déantar é a dhoiciméadú agus cuirtear torthaí ar fáil i sonraí achoimre. Luaitear an cineál seo measúnaithe le córais chigireachta nó bhailíochtaithe, córais a mbíonn gradam le fáil nuair a bhíonn siad tugtha chun críche. I gcás *Síolta*, tagraíonn sé do phróiseas a bhaint amach nó a chríochnú, mar shampla, Comhpháirt nó Caighdeán ar leith nó ar deireadh gradam a fháil.

Cuirfidh **measúnú neamhfhoirmiúil** go mór leis na spriocanna nó na cuspóirí sin a bhaint amach; ach, is cosúil go mbeidh an measúnú neamhfhoirmiúil leanúnach, féin-athmhachnamhach nó dioscúrsach. Arís, cé go mb'fhéidir go mbeidh gá le taifid a choinneáil, tá seans ann go mbeidh na taifid chomhleanúnach agus go mbeidh faisnéis le fáil iontu do dhaoine nó do ghrúpaí maidir leis an dul chun cinn atá á dhéanamh chun spriocanna agus cuspóirí a bhaint amach.

Tharraing comhairliúchán le páirtithe leasmhara in earnáil an COLO aird ar an tábhacht a bhain le cothromaíocht maidir le soláthar ardchaighdeán a fhorbairt idir próisis mheasúnaithe sheachtracha agus inmheánacha (An Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas an Luath-Óige, 2004a).

Tuigtear go léiríonn **measúnú seachtrach** fionnachtana na bpáirtithe seachtracha ar chleachtais inmheánacha. D'fhéadfaí an argóint a dhéanamh go mbíonn baint ag tuismitheoirí le foirm éigin de mheasúnú seachtrach ar sheirbhísí nuair a dhéanann siad cinneadh maidir leis an suíomh COLO a roghnaíonn siad dá leanaí. D'fhéadfadh clárú linbh i suíomh COLO a léiriú go bhfuil foirm de mheasúnú seachtrach déanta ag an tuismitheoir, measúnú bunaithe ar chritéir phearsanta a bheadh ag an tuismitheoir féin. Cé go mb'fhéidir go bhfuil comhghaol idir rogha tuismitheoirí agus caighdeán na seirbhíse áfach, ní mór a thabhairt faoi deara go bhféadfadh na srianta a d'fhéadfadh a bheith ar thuismitheoirí (cosúil le suíomh tíreolaíochta, inrochtaineacht nó inacmhainneacht) níos mó tionchair a imirt ná caighdeán measta na seirbhíse. De ghnáth, déanfar measúnú seachtrach trí chórais chigireachta reachtúla agus próisis meastóireachta nó monatóireachta a dhéanann daoine nó gníomhaireachtaí, cosúil le maoirseoirí oiliúna, comhlachtaí cistiúcháin, srl. Tá sé riachtanach go gceapfar go mbeidh measúnú seachtrach den sórt sin comhsheasmhach, oibiachtúil agus cothrom. Chuige sin, ní mór go mbeadh an measúnú bunaithe ar chritéir agus próisis oscailte agus trédhearcacha agus ba cheart daoine feiliúnacha, oilte a bheadh ina bhun. Ina theannta sin, ní mór go gcuirfeadh sé san áireamh an réimse éagsúil cur chuige maidir le measúnú ar féidir iad a úsáid le hardchaighdeán a bhaint amach.

Go ginearálta, tagraíonn measúnú **inmheánach do phróisis** athmhachnamhacha ar féidir le cleachtóir aonair, grúpaí agus/nó foirne a reáchtáil laistigh de shuímh nó fiú cnuasghrúpa de shuímh a bhfuil comhaontas déanta acu chun cleachtas ar ardchaighdeán a fhorbairt. Is féidir úsáid a bhaint as raon leathan modhanna, mar shampla, breathnóireacht, taighde feidhmeach, irischoimeád, srl.

In ainneoin na modhanna áfach, is iondúil go gcuirfidh an fhaisnéis a bhailítear le hidirphlé forbarthach ar na próisis a bhaineann le soláthar seirbhíse.

Síolta mar chreatlach do mheasúnú

Tá *Síolta* deartha chun na foirmeacha measúnaithe uile a éascú agus tacú leo. Ní féidir tuiscint a fháil ar an saibhreas agus ar an éagsúlacht a bhaineann le cleachtas COLO in Éirinn trí lionsa measúnaithe chaoil. Beidh gá le modhanna measúnaithe éagsúla agus síltear go mbeidh gné riachtanach den mhúnla tacaíochta molta d'ardchaighdeán (féach ar an gcéad Chuid eile) ag díriú ar chleachtóirí agus measúnóirí a ullmhú le páirt a ghlacadh i raon leathan modhanna agus cur chuige measúnaithe. Ní bheadh an tsolúbthacht seo ann maidir leis na bealaí a dhéanann cleachtóirí measúnú agus meastóireacht ar a seirbhíse, ach amháin mar gheall ar láidreacht agus daingne na bpríomheilimintí de *Síolta*, i.e., Caighdeáin agus Comhpháirteanna Cáilíochta. Is iad sin an tslat tomhais do gach measúnú, agus dá réir sin, cuirfidh siad faisnéis ar fáil agus beidh siad mar fhócas d'fhorbairtí i gcleachtas.

Mar shampla, beidh cleachtóir aonair, a bhfuil fonn uirthi/air measúnú a dhéanamh ar a c(h)leachtas féin, in ann leas a bhaint as raon sonraí measúnaithe. D'fhéadfaí go mbeadh iris cleachtaidh a choinneáil, fáiltiú roimh bhreathnóireacht piara, rannpháirtíocht i scrúduithe nó tástálacha oideachais foirmiúla san áireamh ann. Chomh fada agus atá na Príomh-Chaighdeáin mar an tslat tomhais do mheasúnú sna próisis ar fad, cuirfidh na sonraí fianaise luachmhar ar fáil don chleachtóir ar a leibhéal feidhmíochta maidir le *Síolta*. Go deimhin, dea-chleachtas is ea leas a bhaint as níos mó ná foinse sonraí measúnaithe amháin, mar go gciallaíonn comhsheasmhacht sna modhanna ar fad go bhfuil seans níos mó ann go mbeidh forthoradh an mheasúnaithe beacht agus iontaofa. Léiríonn Fíor 4 thíos an phríomhthuiscint i bhfoirm léaráide.

Fíor 4: An ghaolmhaireacht idir modhanna measúnaithe agus na Caighdeáin Cháilíochta

An múnla measúnaithe molta faoi *Síolta*.

Pléann an chéad chuid eile próisis ar cheart a bheith san áireamh i múnla measúnaithe ar bith a d'fhéadfadh a bheith ann i gcomhthéacs *Síolta*. Tuigtear ag an gcéim seo d'fhorbairt na Creatlaí nach bhfuil próisis mheasúnaithe baileach críochnaithe agus go mbainfidh siad leas as an bplé agus an comhairliúchán le páirtithe leasmhara. Léiríonn na moltaí seo, áfach, meascán de dhea-chleachtas, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, maidir le measúnú a ghlacann próisis fhorbarthacha d'athrú i dtreo ardchaighdeán a bhaint amach.

Céimeanna measúnaithe

Tá roinnt próiseas ar leith a bhféadfadh seirbhísí a úsáid maidir le measúnú faoin gCreatlach. Is féidir go mbeadh na próisis seo a leanas ina measc:

- Clárú;
- Bailiú fianaise agus cur leis an bportfóilió;
- Bailíochtú.

Déantar iniúchadh ar gach ceann de na próisis sin thíos.

Clárú

Ag an bpointe seo, tá soláthróirí seirbhíse ag léiriú suime baint a bheith acu le *Síolta*. Féadfar faisnéis, ag tabhairt níos mó sonraí faoi na próisis tosaigh measúnaithe, a sheoladh chuig an soláthróir seirbhíse, agus is féidir na nithe seo a leanas a bheith san áireamh:

- Forbhreathnú ar phróiseas na Creatlaí;
- Sraith de Phrionsabail, Caighdeáin, Comhpháirteanna agus Deiseanna Mhachnaimh, atá oiriúnach don chineál suímh atá i gceist;
- Treoirlínte maidir le bailiú fianaise;
- Foirm iarratais do chlárú.

Nuair a fhaigheann an soláthróir seirbhíse ábhar den sórt sin bíonn sé/sí in ann léamh agus machnamh a dhéanamh ar na Caighdeáin. Beidh gá le treoirlínte soiléire ag an bpointe seo d'fhonn cabhrú leis an soláthróir cinneadh a dhéanamh maidir le dul ar aghaidh leis an gclárú. Ba cheart go mbeadh na nithe seo a leanas san áireamh sna treoirlínte:

- Na híosriachtanais do chlárú;
- Fianaise go bhfuil comhlíonadh leis an reachtaíocht agus rialachán cuí ann;
- Sonraí maidir leis an ábhar atá le fáil sa phortfóilió fianaise le tacú leis an iarratas ar chlárú.

Síltear go mbeidh sé riachtanach cuairt measúnaithe seachtraí bunlíne chuig an suíomh a dhéanamh. Bunaithe ar an gcuairt seo, tabharfar rátáil bunlíne agus, chomh fada agus a shroichtear na híosriachtanais agus gur mian leis an suíomh leanúint ar aghaidh le próiseas na creatlaí, críochnófar an clár foirmiúil.

Scála measúnaithe

Ciallóidh cur i bhfeidhm rathúil Síolta go mbeidh gá le cinntí measúnaithe a dhéanamh maidir leis an gcaoi a mbeidh Caighdeáin agus Comhpháirteanna Cáilíochta á gcur i bhfeidhm i suímh éagsúla. Meicníocht amháin a d'fhéadfaí a úsáid leis an gcuspóir seo a bhaint amach atá sa scála thíos:

Leibhéal 1. *Níl* aon *fhianaise breathnóireachta, tuairiscithe nó doiciméadaithe de dhul chun cinn i dtreo an Chomhpháirt seo a bhaint amach.*

Leibhéal 2. *Tá* roinnt *fianaise ann i bhfoirm breathnóireachta, tuairiscithe nó doiciméadaithe de dhul chun cinn i dtreo an gComhpháirt seo a bhaint amach laistigh den suíomh.*

Leibhéal 3. *Tá fianaise* ***suntasach*** *ann i bhfoirm breathnóireachta, tuairiscithe nó doiciméadaithe de dhul chun cinn i dtreo an Chomhpháirt seo a bhaint amach laistigh den suíomh.*

Leibhéal 4. *Tá fianaise* ***fairsing*** *breathnóireachta, tuairiscithe nó doiciméadaithe de dhul chun cinn i dtreo an gComhpháirt seo a bhaint amach laistigh den suíomh.*

Éascóidh an scála seo cur i bhfeidhm na bíse feabhsúcháin Cáilíochta (féach Fíor 3)

Próiseas bailiúcháin fianaise

D'fhonn na Caighdeáin agus Comhpháirteanna Cáilíochta a bhaint amach, ní mór go mbeadh suíomh in ann portfóilió fianaise a chur le chéile ar féidir measúnú seachtrach a dhéanamh air. Meastar go mbeidh tacaíocht sheachtrach ag teastáil lena leithéid de phortfóilió a chríochnú. Tá plé ar nádúr féideartha na dtacaíochtaí seo le fáil sa chéad chuid eile.

Próisis bhailíochtaithe

Baineann próiseas deiridh an mhúnla um dhearbhú ardchaighdeáin le bailíochtú sheachtrach na bpróiseas forbartha ardchaighdeáin inmheánach. Mar aon leis an athbhreithniú ar an bportfóilió fianaise a leag an suíomh isteach, d'fhéadfaí agallaimh, breathnuithe agus athbhreithniú ar dhoiciméadú, srl, a bheith san áireamh mar ghníomhaíochtaí bailíochtaithe eile. Ag deireadh na bpróiseas bailíochtaithe seo cuirfear tuarascálacha críochnaitheacha agus múnlaitheacha le chéile. Tá tuarascáil chríochnaitheach bunaithe ar fhiúntas a bronnadh de réir scála (féach mar atá molta thuas). Ina theannta sin, ba cheart go ndíreodh tuarascáil mhúnlaitheach, curtha i láthair mar scéal, ar réimsí láidreachta agus spriocréimsí forbartha sa todhchaí laistigh den suíomh. Ag an bpointe seo sa phróiseas, féadfar cinneadh a dhéanamh maidir le gradam a bhronnadh.

Achoimre

Bunaíodh an plé seo ar mheas forleathan ar dhearcaí fad-bhunaithe atá le fáil i litríocht náisiúnta agus idirnáisiúnta, agus comhairliúchán forleathan le raon leathan páirtithe leasmhara ar shárchleachtas maidir le próisis mheasúnaithe a thacaíonn le hardchaighdeán i suímh COLO. Meastar go gcuideoidh an chéad chéim eile d'fhorbairt *Síolta* leis an múnla seo a fheabhsú a thuilleadh, i dtreo cur i bhfeidhm *Síolta* i bpróiseas píolótach.

síolta an chreatlach náisiúnta cáilíochta d'oideachas na luath-óige **lámhleabhar tosaigh**

Cuid a Cúig
Ag Tacú Le hArdchaighdeán

5

Cuid a Sé
Ag Tacú Le hArdchaighdeán
Réamhrá

Is léir don Lárionad, ó na céimeanna tosaigh d'fhorbairt *Síolta*, gur cheart go bhfaigheadh cleachtóirí a bhfuil baint acu leis an gcreatlach chun ardchaighdeán a fheabhsú, tacaíocht. Tá sé seo ríshoiléir tríd an gceithre philéar taighde, a bhfuil cur síos déanta orthu cheana i gCuid a Trí, agus sa struchtúr atá deartha don Chreatlach, is iad sin, Sainmhíniú, Measúnú agus Tacú le hArdchaighdeán. Tá dearcadh comhtháite agus iomlánaíoch ar ardchaighdeán curtha chun cinn ag an Lárionad i gcónaí, dearcadh a bhfuil páirt le n-imirt ag na páirtithe leasmhara ar fad ann maidir le seirbhísí ardchaighdeán a chinntiú dár leanaí is óige. Nílimid den tuairim go luíonn an fhreagracht maidir lena leithéid de sheirbhísí ar ardchaighdeán a sholáthar leis na cleachtóirí astu féin, ach mar chomhiarracht, á déanamh go comhoibritheach agus ag cur gnéithe uile an chórais san áireamh – gnéithe aonaracha, áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta. Ní mór go mbeadh ár n-iarrachtaí ar fad dírithe go hiomlán ar an leanbh, a bhfuil a ndea-bhraistint ag croílár an chleachtais ardchaighdeáin.

Eilimintí Tacaíochta

Is é an túsphointe atá ag an anailís seo torthaí na seimineár comhairliúcháin a reáchtáil an Lárionad go deireanach in 2003 (An Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas an Luath-Óige, 2004a). Iarradh ar na rannpháirtithe na heilimintí tacaíochta atá ag teastáil le soláthar ardchaighdeáin a fheabhsú a áireamh, agus tá forthoradh a bhfreagairtí léirithe i bhFíor 5 anseo thíos.

Fíor 5: Ag Tacú Le hArdchaighdeán – Torthaí an Chomhairliúcháin



Foinse: An Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas an Luath-Óige, (2004a:15)

Chun críocha pictiúr cuimsitheach de dhearcaí reatha a bhunú ó chleachtas, beartas agus taighde sa COLO, cuireadh leis an anailís tosaigh seo le faisnéis ó roinnt foinsí eile. Measadh na himpleachtaí maidir le tacú le hardchaighdeán a tháinig ón taighde a rinneadh don athbhreithniú náisiúnta, (An Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas an Luath-Óige, 2004b), ón athbhreithniú idirnáisiúnta (An Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas an Luath-Óige, 2004c) agus ón athbhreithniú ar fhoghlaim agus ar fhorbairt leanaí (An Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas an Luath-Óige, 2005b). Measadh ionchur ó roinnt doiciméad beartais eile a rinneadh le déanaí agus a bhí ábhartha, mar shampla, tuarascáil An Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 2004b), tuarascáil An Fóram Náisiúnta Eacnamaíoch agus Sóisialach (An Fóram Náisiúnta Eacnamaíoch agus Sóisialach, 2005) agus DEIS (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 2005). Ar deireadh thiar thall, mar chuid de phróiseas comhairliúcháin an Lárionaid ar fhorbairt *Síolta*, iarradh aighneachtaí ón gCoiste Comhairleach faoi na tacaíochtaí a shíl na baill a bhí riachtanach maidir leis an gCreatlach a chur i bhfeidhm. Cuirtear na cheithre fhoinse seo – comhairliúchán, taighde, anailís reatha agus aighneachtaí - le chéile anseo chun faisnéis a sholáthar maidir leis na tacaíochtaí do sholáthar hardchaighdeáin a mheasann earnáil an COLO go ginearálta a bheith riachtanach.

Aithníodh dhá leibhéal tacaíochta ar leith ón anailís seo. Baineann an chéad cheann leis an maicrileibhéal tacaíochta d'ardchaighdeán agus tarraingíonn sé aird ar na saincheisteanna nach mór aghaidh a thabhairt orthu ar leibhéal náisiúnta, agus atá aitheanta mar leibhéal ríthábhachtach maidir le forbairt ar chaighdeán soláthair COLO in Éirinn. Baineann an dara leibhéal níos mó le tacaíochtaí atá aitheanta ag na páirtithe leasmhara mar thacaíochtaí atá riachtanach ionas go mbeidh cleachtóirí agus seirbhísí in ann *Síolta* a chur i bhfeidhm i suímh chleachtais.

Saincheisteanna Náisiúnta

Maoiniú

Le linn do chomhairliúchán an Lárionaid a bheith ar siúl le páirtithe leasmhara san earnáil, cúis imní a tháinig chun i measc soláthróirí ba ea maoiniú agus tacaíocht airgeadais mar an phríomhthacaíocht a bhí ag teastáil chun seachadadh soláthair ardchaighdeán a chur chun cinn agus a chosaint. Mhol na rannpháirtithe roinnt bealaí ina bhféadfaí é seo a éascú, maoiniú díreach do chúram leanaí, deontais chaipitil, deontais chaipitíochta agus socruithe cánacha san áireamh. Mar an gcéanna, tá béim curtha ag an An Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 2004b), ar na leasanna geilleagracha agus sóisialta a bhaineann le hinfheistíocht a dhéanamh sa COLO, agus tá athrú san infheistíocht molta acu, athrú i dtreo seirbhísí do leanaí óga in Éirinn, agus ag an am céanna ag tabhairt léargas ar na costais a bheadh ann mura ndéanfaí a leithéid.

Ar aon dul leis an dearcadh seo, thug anailís an Lárionaid ar ábhar a bhaineann le hardchaighdeán sa chomhthéacs náisiúnta faoi deara, gur tháinig tiomantas inbhuanaithe fadtréimhseach maidir le freastal ar thacaíochtaí airgeadais (ar son an Stáit) chun cinn mar ghné a bhí riachtanach maidir le forbairt ar chaighdeán soláthair seirbhíse COLO. Le linn ár bpróiseas comhairliúcháin agus ár n-athbhreithniú náisiúnta, aithníodh gur thosaigh Éire ó infheistíocht bhunlíne a bhí fíoríseal agus gur tharla feabhsúchán suntasach le blianta beaga anuas.

Impleachtaí do *Síolta*

Beidh maoiniú feiliúnach ag teastáil chun *Síolta* a chur i bhfeidhm, mar aon leis an urrús a bhaineann le maoiniú cinntithe amach anseo, d'fhonn cur ar chumas na seirbhísí feidhmiú go hiomlán, agus go muiníneach, sa phróiseas forbartha ardchaighdeáin.

Comhordú

D'aithin rannpháirtithe na seimineár comhairliúcháin an tionchar criticiúil a bhíonn ag beartas agus cleachtas rialtais ar sholáthar seirbhísí COLO. Tharraing siad aird ar an bhfeabhsúchán suntasach atá tagtha, le blianta beaga anuas, ar an tosaíocht atá tugtha ag roinnt rann rialtais, go háirithe An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, An Roinn Sláinte agus Leanaí, An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, do thiomantais bheartais COLO. Ach, bhí daoine ag iarraidh go mbeadh na beartais a bhí deartha nó daingnithe ag an rialtas cheana féin, á gcur i bhfeidhm, rud a theastaigh ón Fóram Náisiúnta Eacnamaíoch agus Sóisialach (An Fóram Náisiúnta Eacnamaíoch agus Sóisialach, 2005) freisin.

Ina theannta sin, theastaigh ó na rannpháirtithe go mbeadh níos mó comhordaithe ann idir ranna agus eagraíochtaí rialtais atá ag déileáil le COLO. Le gairid, tá tús áite bainte amach ag an bpointe deiridh thuasluaite. Tá aird tarraingthe ag An Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta go háirithe, ar na buntáistí a bheadh ann d'Éirinn dá mbeadh cur chuige comhtháite i bhfeidhm maidir le COLO. Go deimhin, molann an An Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta go mbeadh aireacht amháin nó gníomhaireacht maoiniúcháin agus beartais ainmnithe mar fhócas do chomhtháthú dá leithéid, rud atá ag éirí coitianta go maith i roinnt tíortha An Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 2004b). Ina theannta sin, d'aithin athbhreithniú idirnáisiúnta an Lárionaid, as an sé thír a ndearnadh suirbhé orthu, go bhfuil creatlach beartais shoiléir, chomhleanúnach, chomhordaithe riachtanach chun COLO ar ardchaighdeán a chur chun cinn (An Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas an Luath-Óige, 2004b). Chomh maith leis sin, tacaíonn an Páipéar Bán ar an Oideachas Luath-Óige, *Ready to Learn* (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 1999a) leis an riachtanas atá ann go mbeadh a leithéid de chomhordú ar sholáthar COLO agus go deimhin, bhunaigh sé an Lárionad mar réamhtheachtaí don Ghníomhaireacht um Oideachas na Luath-Óige (ECEA), mar a cuireadh chun cinn sa Pháipéar Bán ar an Oideachas Luath-Óige, *Ready to Learn* (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 1999a).

Impleachtaí do *Síolta*

Beidh *Síolta* ag fáil tacaíochta trí Roinn nó gníomhaireacht a ainmniú ar a mbeidh an fhreagracht maidir le cur i bhfeidhm a chur chun cinn i gcomhthéacs an infrastruchtúir atá ann a chomhordú, le freastal ar riachtanais cláir.

Oiliúint agus cáilíochtaí

Aithnítear go hidirnáisiúnta go bhfuil an-tábhacht ag baint le leibhéil oiliúna agus cáilíochtaí foirne, maidir le tacú le caighdeán an tsoláthair seirbhíse (An Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas an Luath-Óige, 2004c). Áiríonn oiliúint agus cáilíochtaí *oideachas réamhsheirbhíse*, agus as sin tagann cáilíochtaí creidiúnaithe agus caighdeánaithe, agus *forbairt ghairmiúil leanúnach*.

I measc na saincheisteanna imní d'earnáil an COLO sa réimse seo, tá rochtain ar oideachas agus oiliúint agus solúbthacht conairí oiliúna. Mar a rinne na rannpháirtithe cur síos air i seimineáir chomhairliúcháin an Lárionaid, ní mór go mbeadh rochtain ar oiliúint agus forbairt leanúnach ann do chleachtóirí, a nascann isteach lena dtiomantais oibre agus phearsanta (An Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas an Luath-Óige, 2004a). Tá tábhacht ag baint le solúbthacht i soláthar na forbartha gairmiúla leanúnaí, agus bearta maidir le ham saor ó obair mar aon le cúrsaí modúlacha nó páirtaimseartha a sholáthar. Chiallódh a leithéid d'infrastruchtúr forbartha gairmiúil go mbeadh sé éasca conaire gairme a aithint, rud a mhealladh agus a choinneodh cleachtóirí óga agus a neartódh féiniúlacht earnáil an COLO.

D'aontaigh athbhreithniú náisiúnta an Lárionaid leis na dearcaí a léirigh na rannpháirtithe sna seimineáir chomhairliúcháin. Chomh maith leis sin, d'aithin sé an tábhacht a bhain le lucht oibre cáilithe a bheith ar fáil le struchtúir ghairme shoiléire, téarmaí agus coinníollacha maithe fostaíochta agus deiseanna rialta d'fhorbairt

ghairmiúil leanúnach, mar bhunghné d'fhorbairt ardchaighdeáin sa COLO (An Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas an Luath-Óige, 2004b). Tá gníomhaíocht shuntasach ar bun cheana féin ina leith seo – tá an Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann agus na comhlachtaí dámhachtana HETAC agus FETAC, a bhfuil freagracht orthu maidir le caighdeáin a leagan amach do na gradaim náisiúnta sna réimsí foghlama ar fad, ag forbairt beartas agus nósanna imeachta leis na cúiseanna imní a ardaíodh maidir le rochtain agus rannpháirtíocht in oideachas agus oiliúint a réiteach. Tá na gníomhaireachtaí seo ag obair leis an Lárionad freisin maidir le sainriachtanais earnáil an COLO. Cé go bhfuil an leibhéal bunlíne d'oideachas réamhsheirbhíse fós íseal i measc céatadáin shuntasaigh de chleachtóirí in earnáil an COLO, tá feabhsúcháin tugtha faoi deara ag An Fóram Náisiúnta Eacnamaíoch agus Sóisialach le blianta beaga anuas, toisc go bhfuil na cleachtóirí ag fáil breisoiliúna. Tugann an tuarascáil seo faoi deara freisin, áfach, go bhfuil na deacrachtaí fós amhlaidh maidir le rochtain, solúbthacht agus creidiúnú réamhfhoghlaim (An Fóram Náisiúnta Eacnamaíoch agus Sóisialach, 2005).

Faoi láthair, mar atá curtha in iúl ag an OECD, is féidir go mbeadh - nó nach mbeadh - cáilíocht éigin as raon cáilíochtaí ag foirne a baineadh amach trí chúrsaí éagsúla, creidiúnaithe nó neamhchreidiúnaithe, á soláthar ag raon soláthróirí oiliúna (OECD, 2004). Ach, mar a léirigh an Páipéar Bán ar an Oideachas Luath-Óige, ní mór athruithe ar bith ar riachtanais cháilíochta a thabhairt isteach de réir a chéile, le cinntiú go bhfaigheann cleachtóirí a bhfuil saineolas suntasach acu tríd an taithí atá faighte acu, an deis na cáilíochtaí a fháil a léiríonn an saineolas sin (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 1999a).

Impleachtaí do Síolta

Beidh tionchar ag leibhéil oiliúna agus cáilíochta na gcleachtóirí ar chumas na seirbhísí a bheith páirteach sa phróiseas feabhsúcháin ardchaighdeáin. Tacóidh clár eile d'fhorbairt ghairmiúil le cur i bhfeidhm *Síolta*.

Creatlaí cleachtais náisiúnta

Tháinig ról féideartha na creatlaí náisiúnta maidir le tacú le hardchaighdeán i soláthar oideachais na luath-óige chun cinn le linn chomhairliúchán an Lárionaid le páirtithe leasmhara sa COLO. Thug an NCCA, sa doiciméad comhairliúcháin, *I dTreo Creatlach don Luathfhoghlaim* (NCCA, 2004), faoi deara freisin gur chéim thábhachtach í a leithéid d'fhorbairt creatlaí mar é, chun tacú le seirbhísí reatha COLO. Aithníodh an poitéinseal a bhaineann le creatlaí cleachtais maidir leis an riachtanas atá ann go mbeadh comhréiteach cleachtais in earnáil an COLO. D'aithin rannpháirtithe slata tomhais roinnte mar rudaí a bhí lárnach maidir le cinntiú go raibh comheispéireas ardchaighdeán ag gach leanbh i ngach suíomh luathbhlianta luath-óige. Tá an dearcadh deiridh seo le sonrú go láidir i *Síolta*, mar go mbaineann na Prionsabail, na Caighdeáin agus na Comhpháirteanna Cáilíochta leis na ceithre shuíomh a bhfuil baint ag an gCreatlach leo. Go deimhin, i gcás an riachtanais aitheanta ar leith seo, tá dul chun cinn suntasach déanta: Tá fáil ar Chreatlach Náisiúnta Cáilíochta anois agus tá obair ar Chreatlach náisiúnta don Luath-Fhoghlaim ag leanúint ar aghaidh.

Impleachtaí do *Síolta*

Cuirfidh idirghníomhaíocht idir an Chreatlach don Luathfhoghlaim agus *Síolta* comhthéacs comhleanúnach ar fáil maidir le cleachtas ar ardchaighdeán do leanaí óga.

Rannpháirtíocht tuismitheoirí agus pobail

Is soiléir ón bplé atá déanta ar rannpháirtíocht tuismitheoirí agus pobail agus an ghaolmhaireacht atá idir seirbhísí COLO, an teaghlach agus an pobal, gur tháinig comhthuiscint shoiléir chun cinn faoi nádúr éiceolaíoch na ngaolmhaireachtaí idir an trí ghrúpa. Mar bheart tiomantais a léirigh earnáil an COLO chuig, go háirithe, rannpháirtíocht tuismitheoirí, bhí rannpháirtithe sa chomhairliúchán den tuairim nach mór go mbeadh tacaíocht á tabhairt do thuismitheoirí, ionas go mbeadh siad páirteach go gníomhach sa ról seo. Déanann DEIS (An Roinn Oideachais agus

Eolaíochta, 2005) athnuachan ar thiomantas na Roinne Oideachais agus Eolaíochta tacú le tuismitheoirí maidir le foghlaim agus forbairt a leanaí. Leagann an Páipéar Bán ar an Oideachas Luath-Óige, *Ready to Learn* (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 1999a), béim ar an tábhacht a bhaineann le comhpháirtíocht le tuismitheoirí, agus tarraingíonn sé aird ar an ról atá acu mar phríomhoideoirí agus príomhshaineolaithe ar a leanaí féin, agus ag an am céanna molann Straitéis Náisiúnta na Leanaí (DHC, 2000) gur cheart tacaíocht agus cumhacht a thabhairt don teaghlach laistigh den phobal. Léiríonn na Caighdeáin ar 'Thuismitheoirí agus Teaghlaigh' agus 'Rannpháirtíocht Pobail' sa Chreatlach na gnéithe seo de chleachtas mar ghnéithe atá lárnach i soláthar ardchaighdeán.

Impleachtaí do *Síolta*

Beidh sainbhearta ag teastáil nuair a bheidh *Síolta* á chur i bhfeidhm, le cinntiú gur féidir le seirbhísí agus le leanaí leas a bhaint as cabhair tuismitheoirí agus teaghlach, agus gur féidir le seirbhísí cabhrú lena bpobail, agus, dá bhrí sin, leas a bhaint as an ngaolmhaireacht.

Straitéis sonraí

Tháinig an riachtanas atá ann go mbeadh straitéis náisiúnta sonraí ann chun faisnéis chruinn, iontaofa a bhailiú agus a sholáthar le tacú le gnéithe uile an COLO, chun cinn ón athbhreithniú náisiúnta maidir le hardchaighdeán. Bhí an riachtanas céanna aitheanta ag an Lárionad in *De Réir Sprice* (An Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas an Luath-Óige, 2004d), tar éis iniúchadh a dhéanamh ar sheirbhísí a bhí ag díriú ar mhíbhuntáiste i measc leanaí óga in Éirinn. Ar an gcaoi chéanna, tharraing an An Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta aird ar an dúshlán atá ann d'Éirinn staitisticí agus sonraí iontaofa faoi leanaí óga a fhorbairt. Tá a leithéid de shonraí riachtanach chun beartas agus soláthar a chomhordú agus, níos tábhachtaí ná sin, cinnteoidh na sonraí sin go mbeidh leanaí ó bhreith go sé bliana d'aois feiceálach sa tsochaí.

Impleachtaí do *Síolta*

Is féidir uas-leithdháileadh acmhainní le tacú le *Síolta* a dhéanamh níos éifeachtaí i gcomhthéacs a bhaineann le córas bailiúcháin náisiúnta sonraí, dírithe ar leanaí óga ó bhreith go sé bliana d'aois, agus ag soláthar faisnéise iontaofa le forbairt pleanála agus beartais a éascú.

Taighde, meastóireacht agus scaipeadh faisnéise

Mhol cuid de na haighneachtaí a fuair an Lárionad maidir le tacú le hardchaighdeán, gur cheart taighde agus faisnéis cothrom le dáta a chur ar fáil do chleachtóirí. Síltear go bhfuil a leithéid d'fhaisnéis riachtanach maidir le forbairt ghairmiúil leanúnach. Tá struchtúir chun é seo a éascú le fáil sa chéad chuid eile. Beidh faisnéis ag teastáil freisin faoin gCreatlach féin. Beidh gá le tionscadal taighde chuimsithigh agus fhadtréimhsigh le bailíochtú *Síolta* i gcomhthéacs na hÉireann a chinntiú. Ba cheart go mbeadh na nithe seo a leanas san áireamh sa taighde;

- Meastóireacht chuimsitheach ar thionchar *Síolta* ag gach leibhéal soláthair agus cleachtais;
- Tuarascáil ar eispéiris agus dearcaí leanaí ar an gCreatlach;
- Meicníochtaí le freagairtí cleachtóirí maidir le cur i bhfeidhm Síolta a éascú.

Ba cheart go léireodh an tionscadal meastóireachta na peirspictíochtaí uile ar ardchaighdeán, d'fhonn cloí le Straitéis Taighde an Lárionaid (An Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas an Luath-Óige, 2003b), agus ba cheart tuarascálacha a dhéanamh ag eatraimh shocraithe. Ba cheart go mbeadh an fhaisnéis a tháinig chun cinn ón meastóireacht á roinnt le hearnáil an COLO, agus ba cheart go mbeadh díospóireacht fhorleathan ar siúl faoi na himpleachtaí atá ann do chleachtas. Tá bearnaí suntasacha eolais ar chleachtas ardchaighdeán sa COLO in Éirinn, curtha in iúl ag Iniúchadh Taighde an Lárionaid, a thugtar cothrom le dáta go rialta, agus moladh gur cheart aghaidh a thabhairt ar an gceist seo d'fhonn tacú le forbairt

cleachtais ardchaighdeáin amach anseo (An Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas an Luath-Óige, 2003a). Cuireann *Síolta* deis iontach ar fáil le díriú ar iarrachtaí taighde agus meastóireachta ar shaincheisteanna ardchaighdeáin, agus leas a bhaint as an bhfaisnéis seo chun bunús a chur ar fáil do bheartas agus cleachtas COLO in Éirinn.

Impleachtaí do *Síolta*

Beidh clár meastóireachta fhadtréimhsigh, a chuireann fianaise ar shárchleachtas agus modhanna feabhsúcháin ardchaighdeáin ar fáil, riachtanach le tacú le cur i bhfeidhm éifeachtach *Síolta*.

Moltaí maidir le saintacaíochtaí do sheirbhísí agus cleachtóirí atá ag cur *Síolta* i bhfeidhm

Tagann na moltaí seo a leanas do shaintacaíochtaí do sheirbhísí atá ag cur na Creatlaí i bhfeidhm ó na haighneachtaí a tháinig ó Choiste Comhairleach an Lárionaid, mar chuid den phróiseas comhairliúcháin ar fhorbairt *Siolta*. Bhí dearcadh ginearálta ann nach mór do na tacaíochtaí a chuirtear ar fáil, ar deireadh thiar thall, cabhrú le seirbhísí na bearta ardchaighdeán atá leagtha amach i *Siolta* a bhaint amach, agus ní mór go mbeadh dlúthbhaint acu leis na próisis mheasúnaithe a luaitear leis na leibhéil ghnóthachtála a bhunú sa chomhthéacs seo. Sa chás nach bhfuil próisis chomhaontaithe ann maidir le measúnú, tá nádúr na dtacaíochtaí molta seo do chur i bhfeidhm i *Siolta*, ginearálta.

Tacaíocht agus comhairle

Beidh tacaíocht agus comhairle ag teastáil ó shuímh agus ó chleachtóirí a bhfuil baint acu le *Siolta* le linn an phróisis cuir i bhfeidhm. Rinneadh roinnt moltaí, trí na haighneachtaí, ar an mbealach a bhfeadfaí é seo a bhaint amach. Leagadh béim shuntasach ar infhaighteacht tacaíochta ar an láthair, ó chomhairleoir a bhfuil taithí agus saineolas cleachtais aige/aici. I measc na moltaí breise eile bhí tacaíocht teileafóin, áit a mbeadh an comhairleoir ar fáil le ceisteanna a fhreagairt, ó shuímh agus ó chleachtóirí, ar an teileafón.

Seirbhísí faisnéise

Tá roinnt féidearthachtaí ann maidir le soláthar agus scaipeadh faisnéise ar sheirbhísí a bhfuil baint acu le *Síolta*. Is í an chéad fhéidearthacht atá ann *leathanach idirlín* tiomanta ar láithreán gréasáin an Lárionaid. D'fhéadfadh na tacaíochtaí idirlín-bhunaithe seo rochtain agus naisc chuig acmhainní agus íoslódálacha, i measc rudaí eile, a chur ar fáil, le tacú le gnéithe éagsúla den chleachtas. Féidearthacht eile fós is ea *nuachtlitir* tiomanta do sheirbhísí atá ag glacadh páirte sa chur i bhfeidhm. I measc an ábhair, is féidir go mbeadh faisnéis ó Ghréasáin éagsúla *Síolta* (féach thíos), cabhair ó sheirbhísí agus cleachtóirí atá ag glacadh páirte, agus smaointe agus faisnéis maidir le bheith ag obair le leanaí. Mar thacaíocht bhreise do chur i bhfeidhm trí sholáthar faisnéise, foilseoidh an Lárionad *ábhair bhreise* le tacú le gnéithe éagsúla cleachtais, e.g. measúnú, spraoi agus rannpháirtíocht tuismitheoirí. D'fhéadfaí faisnéis a scaipeadh trí rochtain a chur ar fáil do shuímh agus do chleachtóirí ar sheimineáir ar shaincheisteanna ar leith a bhaineann le *Síolta*, ar leibhéal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta. D'fhéadfadh seimineáir dá leithéid cabhrú le líonrú freisin, gné eile de na tacaíochtaí a moladh do *Síolta*.

Líonraí

Cuireadh béim ar dheiseanna líonraithe i measc cleachtóirí i roinnt de na haighneachtaí, agus, arís, tá roinnt féidearthachtaí ann maidir lena leithéid de ghníomhaíocht a éascú. Mar shampla, thabharfadh *Líonra Ar Líne*, le nasc ó leathanach idirlín tiomanta, deis do shuímh agus cleachtóirí atá ag cur *Síolta* i bhfeidhm a bheith ag caint lena chéile, ag roinnt faisnéise, ag fiafraí ceisteanna agus ag malartú smaointe. D'fhéadfadh sé gur réiteach a bheadh anseo do sheirbhísí atá ag feidhmiú i gceantair tuaithe nó iargúlta, nó i gceantair nach bhfuil an dlús daonra sách mór

le cruinnithe a reáchtáil iontu. Áit ar féidir cruinnithe a reáchtáil, tá neart samplaí cheana de líonraí cleachtóirí faoi choimirce grúpaí reachtúla nó deonacha. Féidearthacht eile iad *líonraí tacaíochta* ardchaighdeáin, nó cnuasghrúpaí, áit ar féidir le cleachtóirí ó gach cineál suímh bualadh lena chéile le faisnéis a roinnt lena chéile, saineolas a roinnt lena chéile, tús a chur le smaointe nua agus cur chuige comhordaithe a chur chun cinn. Chun comhtháthú a chur chun cinn, beidh na Líonraí Tacaíochta Ardchaighdeáin agus na líonraí ar líne ag rith ar aon dul lena chéile, agus roinnfear faisnéis idir an dá líonra.

Achoimre

Tá leas bainte ag an rannóg seo faoi na féidearthachtaí atá ann maidir le soláthar tacaíochtaí do chur i bhfeidhm Síolta as dearcaí na bpáirtithe leasmhara, anailís beartais, taighde an Lárionaid agus aighneachtaí bhaill Choiste Comhchomhairle an Lárionaid. Measann sé go mbeidh éagsúlacht na mbeart a léiríonn taithí agus cleachtas reatha lárnach maidir le cur i bhfeidhm rathúil Síolta. Leagann sé béim in athuair gur tionscadal é cur i bhfeidhm próiseas feabhsúcháin ardchaighdeáin nach mór go mbeadh na páirtithe leasmhara uile ar fud earnáil an COLO san áireamh ann, agus ní hamháin cleachtóirí astu féin. Ní mór gur comhiarracht a bheadh i dtacú le hardchaighdeán, leis an bpríomhaidhm atá leis na seirbhísí is fearr is féidir a chur ar fáil dár leanaí is óige.

Cuid a Sé
Conclúid

6

Cuid a Sé
Conclúid

Tá ábhar an lámhleabhair seo curtha le chéile chun forléargas leathan a thabhairt ar chomhthéacs, ar phróiseas forbartha agus ar na féidearthachtaí a bheidh ann maidir le cur i bhfeidhm *Síolta - an Chreatlach Náisiúnta Cáilíochta d'Oideachas na Luath-Óige* amach anseo in Éirinn. Tá tiomantas an Lárionaid maidir le forbairt beartais fianaise-bhunaithe leagtha amach go soiléir sa lámhleabhar seo. Chomh maith leis sin, tá an fhianaise seo sainmhínithe i dtéarmaí comhairliúcháin, agus athbhreithniú ar bheartas, cleachtas agus taighde i dtéarmaí an chomhthéacs náisiúnta agus idirnáisiúnta. Tá oscailteacht agus trédhearcacht an phróisis forbartha seo le fáil i measc earnáil níos leithne COLO. Cabhair a bheidh sna doiciméid réamhphlé ar shaincheisteanna maidir le hardchaighdeán a mheas agus tacú leis, chun leanúint le comhairliúchán agus comhoibriú ar fud na hearnála uile a éascú.

Buaicphointe dearfach in éabhlóid dhinimiciúil earnáil an COLO atá i bhfoilsiú *Síolta*. Doiciméad ar leith atá anseo, doiciméad a léiríonn comhaontú líon daoine nach raibh súil leis, a bhfuil baint acu, go díreach nó go hindíreach, le soláthar seirbhísí COLO. Gan dabht ar bith, tá go leor oibre le déanamh d'fhonn an poitéinseal d'athrú atá le fáil sna doiciméid seo a bhaint amach. Cinntíonn ullmhú agus foilsiú na n-ábhar seo, áfach, gur féidir tús a chur lena leithéid d'obair ar bhealach comhordaithe agus comhtháite.
Tá an Lárionad ag súil go fonnmhar leis an obair seo atá amach rompu. Fachtóir cinntitheach maidir lena bhfuil bainte amach ag ár *Work Programme* go dtí seo, is ea an tacaíocht atá faighte againn, ar an gcéad dul síos ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta, agus go ginearálta, ó bhallraíocht ár gCoiste Comhairleach agus ó phobal cleachtais an COLO a ndéanann siad ionadaíocht orthu.

Má leanann a leithéid de thacaíocht ar aghaidh, beimid in ann leanúint leis na próisis chomhoibritheacha a chur na hábhair seo ar fáil, agus a chinntiú go mbeidh fíorthionchar dearfach acu ar chaighdeán eispéireas leanaí óga sna blianta tosaigh agus sna blianta múnlaitheacha dá saol.

Gluais | Aguisín | Tagairtí

Gluais

Aistrithe
Tagraíonn aistrithe do ghluaiseacht/aistriú linbh/leanaí chuig, laistigh agus ó chás nó suíomh.

Aosach
Seo é an téarma a úsáidtear sa Chreatlach trí chéile le cur síos a dhéanamh ar raon na n-aosach (tuismitheoirí/caomhnóirí, daoine proifisiúnta, mórtheaghlach, etc.) a bhíonn ag idirghníomhú leis an leanbh/na leanaí. Uaireanta baintear úsáid as teidil shonracha cosúil le cleachtóir nó múinteoir, i gcomhthéacsanna áirithe laistigh de shuímh ar leith.

Beartas/beartais
I gcomhthéacs na Creatlaí, ráitis scríofa comhaontaithe iad na beartais a chinneann an cleachtas a bhíonn i réimse Caighdeáin ar bith.

Cáilíocht
Seo gradam a bhronnann, a dheonaíonn nó a thugann comhlacht dámhachtana agus a thaifeadann go bhfuil caighdeán eolais, scile nó cumais bainte amach ag foghlaimeoir (NQAI, 2005).

Cleachtas athmhachnamhach
Tagraíonn sé seo don stíl oibre i suíomh COLO, a bhaineann le hathbhreithniú rialta agus dianathbhreithniú a dhéanamh ar chleachtas trí athmhachnamh.

Cleachtóir
I gcomhthéacs na Creatlaí, úsáidtear an téarma cleachtóir i gcás grúpa ar leith, áit a gciallaíonn sé aosach ar bith atá ag obair i suíomh COLO agus ag fáil íocaíochta.

Comhionannas
Léirítear comhionannas, i gcomhthéacs na Creatlaí seo, trí mheas, tiomantas do chomhpháirtíocht agus cóireáil chothrom do gach leanbh agus do gach aosach. Ciallaíonn comhionannas, maidir le leanaí go sonrach, gur cheart go mbeadh rochtain ag gach leanbh ar sheirbhísí sna blianta tosaigh den saol, go mbeadh siad rannpháirteach sna seirbhísí sin agus go mbainfeadh siad leas astu ar bhonn cothroim, *"…beag beann ar chine, dath, inscne, teanga, reiligiún, dearcadh polaitiúil nó dearcadh ar bith eile, bunús náisiúnta, eitneach nó sóisialta, maoin, míchumas, breith nó stádas ar bith eile, an linbh nó a t(h)uismitheoirí nó a c(h)aomhnóirí dlíthiúla."*
(Na Náisiúin Aontaithe, 1989:Airteagal 2)

Comhpháirtí/Comhpháirtíocht
I gcomhthéacs na Creatlaí, ciallaíonn sé seo idirghníomhú le duine/daoine (aosach nó leanbh) eile, le hurraim agus meas ar chearta an duine/na ndaoine eile, ag tabhairt a róil éagsúla, ach comhlántacha, faoi deara.

Cur Chuige Iomlánaíoch
I gcomhthéacs na Creatlaí, ciallaíonn sé seo go bhfuil na gnéithe éagsúla d'fhorbairt agus foghlaim linbh idirspleách agus idirghaolmhar.

Curaclam
Tagraíonn curaclam do na heispéiris foghlama ar fad, bíodh siad foirmiúil nó neamhfhoirmiúil, pleanáilte nó neamhphleanáilte, a chuireann le forbairt linbh.
(NCCA, 2004:2)

Cúram agus oideachas
Measann an Chreatlach seo gur eispéiris idirspleácha i saol an linbh óig iad cúram agus oideachas.

Dea-bhraistint
Tagraíonn dea-bhraistint do ghnéithe uile fisiceacha, mothúchánacha, morálta, sláinte spioradálta agus dea-bhraistinte an linbh, boinn riachtanacha maidir le luath-fhoghlaim agus foghlaim ina dhiaidh sin. (NCCA, 2004:3)

Éagsúlacht
Laistigh de chomhthéacs *Síolta*, baintear úsáid as an téarma seo le cur síos a dhéanamh ar dhifríochtaí idir dhaoine bunaithe ar inscne, aois, dath craicinn, teanga, claonadh gnéis, eitneachas, cumas, reiligiún, cine nó fachtóirí eile a bhaineann le cúlra an duine cosúil le struchtúr teaghlaigh, cúinsí geilleagracha, etc.

Fealsúnacht
I gcomhthéacs na Creatlaí, is éard atá i gceist le fealsúnacht ná léargas ar na luachanna agus na prionsabail a thacaíonn leis an obair i suíomh COLO.

Feiliúnach ó thaobh forbartha de
Is iondúil go mbíonn gníomhaíochtaí feiliúnach ó thaobh forbartha de nuair a léiríonn siad aois ar leith agus céim forbartha linbh. (NCCA, 2004:2)

Féiniúlacht agus muintearas
Tagraíonn féiniúlacht do na tréithe iompraíochtaí agus tuiscintí féiniúlachta a d'fhéadfadh a bheith ag leanaí. Uaireanta bíonn tréithe áirithe le feiceáil i leanbh amháin agus uaireanta eile bíonn na tréithe céanna sin le feiceáil i leanaí eile. Cuireann comhfhéiniúlachtaí ar chumas leanaí muintearas a fhorbairt nó dlúthghaolmhaireacht nó finíocht le grúpa áirithe. (NCCA, 2004:2)

Foghlaimeoir cumasach
Laistigh den Chreatlach, breathnaítear ar an leanbh amhail is go bhfuil scileanna agus cumais foghlama aici/aige ó bhreith. Is féidir na scileanna agus na cumais seo a fheabhsú trí na hidirghníomhaíochtaí a dhéanann sí/sé le teaghlach, le piaraí, le haosaigh agus leis an domhan go ginearálta.

Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (CPD)
Is éard atá i gceist leis seo ná na scileanna agus an t-eolas atá ag teastáil ó chleachtas gairmiúil rathúil a nuashonrú ar bhonn leanúnach. (DJELR, 2002:36)

Idirghníomhaíochtaí
Tagraíonn idirghníomhaíochtaí, i gcomhthéacs na Creatlaí, do na malartuithe (briathartha, neamhbhriathartha, fisiceacha, pleanáilte, spontáineacha etc.), a tharlaíonn ag am ar bith i rith an ghnáthaimh laethúil idir na daoine ar fad (leanaí agus aosaigh) atá i láthair sa suíomh.

Leanbh/leanaí
Baineann an Chreatlach seo le páistí **uile** ó bhreith go sé bliana d'aois, beag beann ar chumas, eitneachas, stádas socheacnamaíoch, cúlra, stádas teaghlaigh, nó téarma sonrach ar bith eile. Déantar cur síos air seo mar chur chuige uilechoiteann, agus sa Chreatlach seo ciallaíonn sé go n-áirítear gach uile leanbh ina bhforálacha.

Luath-óige
Chun críocha na Creatlaí seo, tagraíonn luath-óige don tréimhse ó bhreith go sé bliana d'aois.

Nós Imeachta
Cleachtas comhaontaithe is ea nós imeachta a bhaineann le gníomhaíochtaí sonracha a bhíonn ar siúl go rialta, go leanúnach agus ar bhonn intuartha sna suímh ar fad, e.g., ag dul amach faoin aer.

Oideolaíocht
Ciallaíonn oideolaíocht, i gcomhthéacs na Creatlaí, cur chuige iomlánaíoch maidir le foghlaim agus forbairt linbh, a chuireann cúram agus oideachas san áireamh.

Páirtí Leasmhar
I gcomhthéacs na Creatlaí, is iad na páirtithe leasmhara na daoine, grúpaí, eagraíochtaí, etc., a bhfuil baint acu le nó suim acu i gcúram agus oideachas na luath-óige.

Peirspictíocht an Linbh Uile – Glacann an Chreatlach Náisiúnta Cáilíochta peirspictíocht an linbh uile atá comhsheasmhach le *The National Children's Strategy* (DHC, 2000:24).

Príomh-Oibrí – Is éard atá sa phríomhoibrí ná an t-aosach atá ainmnithe mar an príomhchúramóir, a chuireann leanúnachas ar fáil don leanbh agus mothaíonn an leanbh sábháilte leis an duine sin mar gheall ar an gceangal atá aici/aige leis an duine sin.

Próiseas/próisis – Baineann an téarma 'próiseas', i gcomhthéacs na Creatlaí, le nádúr seasmhach agus leanúnach na n-idirghníomhaíochtaí a tharlaíonn sa suíomh go laethúil. Ní gá go mbeidís seo beartaithe, ach d'fhéadfadh siad tarlú i gcomhthéacs na mbeartas comhaontaithe, e.g., cruinniú neamhfhoirmiúil le tuismitheoirí.

Rannpháirtíocht pobail
Tagraíonn rannpháirtíocht pobail, laistigh den Chreatlach, do chomhtháthú agus naisc idir dhaoine, a dteaghlach, seirbhísí agus gníomhaireachtaí laistigh den phobal áitiúil agus an tsochaí go ginearálta.

Riachtanais speisialta
Seo a leanas an sainmhíniú ar leanaí le riachtanais speisialta i gcomhthéacs na Creatlaí *"…those whose disabilities and/or circumstances prevent or hinder them from benefiting adequately from the education which is normally provided for pupils of the same age, or for whom the education which is generally provided in the classroom is not sufficiently challenging."*
(An Roinn Oideachais, 1993:18)

Spraoi
Áiríonn spraoi, i gcomhthéacs na Creatlaí, na gníomhaíochtaí agus na deiseanna ar fad atá ann le bheith páirteach sa timpeallacht (ábhair agus daoine araon), a chuireann le foghlaim an linbh, mar aon leis an bpoitéinseal forbartha agus cruthaitheach.

Suíomh
Seo an raon áiteanna ina bhfuil seirbhísí COLO do leanaí ó bhreith go sé bliana d'aois á gcur i bhfeidhm; creiseanna, naíolanna, naíonraí, ranganna naíonán sna bunscoileanna, feighlithe linbh agus scoileanna Montessori san áireamh.

An Teaghlach
I gcomhthéacs na Creatlaí, breathnaítear ar an teaghlach i dtéarmaí na gaolmhaireachta atá aige leis an leanbh. Faoi threoir an Choimisiúin ar an Teaghlach, tá an bhaint atá ag an leanbh leis an teaghlach bunaithe ar bhreith, uchtú nó socrúchán. Léirítear an teaghlach, mar a bhaineann sé leis an leanbh *"…by its members together assuming responsibility for the care and support of each other, particularly children…and by the sharing of time and resources which promotes intimacy and belongingness."* (DSCFA, 1998: 625)

Tuismitheoir
Áiríonn an téarma tuismitheoir, tuismitheoir(í)/caomhnóir(í) uile an linbh.

Aguisín 1
Ballraíocht na gCoistí
Coiste Comhairleach

1. Barnardos
2. Border Counties Childcare Network
3. Ceantair a Athbheochan trí Phleanáil, Infheistíocht agus Forbairt (RAPID)
4. Childminding Ireland
5. Children's Research Centre
6. Children's Rights Alliance/ Children in Hospital Ireland
7. An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (NCCA)
8. An Coiste Comhairleach Náisiúnta ar Chiníochas agus Idirchultúrachas (NCCRI)
9. Coláiste Mhuire Gan Smál
10. Coláiste Náisiúnta na hÉireann (NCI)
11. Coláiste na hOllscoile, Corcaigh (UCC)
12. Coláiste Phádraig
13. Comhairle na nDámhachtainí Ardoideachais agus Oiliúna (HETAC)
14. Comhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna (FETAC)
15. Comhpháirtíocht Bhaile Munna [ó mhí an Mhárta 2004]
16. Cónaidhm Náisiúnta na gComhlachtaí Deonacha
17. Cumann Múinteoirí Éireann (INTO)
18. Cumann Múinteoirí Réamhscoile don Lucht Siúil
19. Disability Federation of Ireland
20. Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath (DIT)
21. IPPA, the Early Childhood Organisation
22. Irish Steiner Waldorf Early Childhood Association
23. Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann (IFA)
24. An Foras Áiseanna Saothair (FÁS)
25. Forbairt Naíonraí Teo
26. Forum of People with Disabilities
27. An Ghníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine
28. High/Scope
29. IMPACT
30. Irish Association for Teachers in Special Education (IATSE)
31. Irish Montessori Education Board (IMEB)
32. NAMHI
33. National Children's Nurseries Association (NCNA)
34. National Forum of Preschool Inspectors
35. National Parents and Siblings Alliance
36. National Parents Council - Primary
37. Oifig Náisiúnta Leanaí (NCO)
38. OMEP Ireland
39. Pavee Point
40. An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí
41. An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh
42. An Roinn Oideachais agus Eolaíochta
43. An Roinn Sláinte agus Leanaí
44. St. Nicholas Montessori Society
45. Seirbhísí Naíonraí Teo.
46. Tionól Réigiúnach an Deiscirt agus an Oirthir
47. Treoir
48. An tÚdarás Náisiúnta Míchumais (NDA)
49. Vision in Childcare [ó mhí Feabhra 2004]
50. WITH/ Cúram [ó mhí Eanáir 2005]

Bord Bainistíochta an Lárionaid

An Dr Nóirín Hayes	Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath
Anne McGough	Coláiste Phádraig
Elizabeth Dunphy	Coláiste Phádraig
Siobhán Bradley	Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath
An Dr Máire Mhic Mhathúna	Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath
Martin Ward	Coláiste Phádraig

Iarbhaill an Bhoird

An Dr Lorna Ryan	Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath
Marie Kennedy	Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath

Coiste Stiúrtha An Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas an Luath-Óige

An tOllamh Lesley Abbott	Manchester Metropolitan University
An Dr Noirin Hayes	Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath
Liam Mac Mhathúna	Coláiste Phádraig
Anne McGough	Coláiste Phádraig
Deirdre Lyddy	An Roinn Oideachais agus Eolaíochta
An Dr John Donovan	Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath
John Quinlan	An Roinn Oideachais agus Eolaíochta

Iarbhaill an Choiste Stiúrtha

John Fanning	An Roinn Oideachais agus Eolaíochta
Margaret Whelan	Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath
Breda Naughton	An Roinn Oideachais agus Eolaíochta
Richard Byrne	An Roinn Oideachais agus Eolaíochta
Alan Wall	An Roinn Oideachais agus Eolaíochta

Sain-Ghrúpa Oibre ar Aistriúchán Gaeilge

An Dr Máire Mhic Mhathúna	Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath
Anne Nolan	An Roinn Oideachais agus Eolaíochta

Foireann an Lárionaid

Tagairtí

Area Development Management (2003). *EOCP Quality Sub-Measure NVCO Priorities and Range of Actions for Possible Future Funding (2004-2006) - Discussion and Guidance Paper.* Baile Átha Cliath: Area Development Management.

Bredekamp, S. agus Rosegrant, T. (Eagarthóirí)(1992). Reaching Potentials: *Appropriate Curriculum and Assessment for Young Children, Volume I.* Washington, DC: NAEYC.

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2004). *Towards a Framework for Early Learning – a Consultative Document*. Baile Átha Cliath: An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta.

Coolahan, J. (Eagarthóir) (1998). *Report on the National Forum for Early Childhood Education*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

An Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (2001). *Starting Strong: Early Childhood Education and Care*. Páras: An Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta.

An Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (2004b). *Education at a Glance 2004*. Páras: An Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta.

An Fóram Náisiúnta Eacnamaíoch agus Sóisialach (2005). *Early Childhood Care and Education – Report No. 31*. Baile Átha Cliath: An Fóram Náisiúnta Eacnamaíoch agus Sóisialach.

Kiernan, G. agus Walsh, T. (2004). The Changing Nature of Early Childhood Care and Education in Ireland. *Irish Educational Studies*, Imleabhar 23, Uimh. 2, lgh.1-18.

An Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige (2001). *Programme of Work*. Baile Átha Cliath: An Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige.

An Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige (2003a). *Iniúchadh Taighde ar Chúram agus Oideachas na Luath-Óige in Éirinn 1990-2003*. Baile Átha Cliath: An Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige.

An Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige (2003b). *Research Strategy – A Work in Progress*. Baile Átha Cliath: An Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige.

An Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige (2004a). *Ardchaighdeán faoi Chaibidil – Tuarascáil ar Phróiseas Comhairliúcháin ar Ard-Chaighdeáin i gCúram agus in Oideachais na Luath-Óige*. Baile Átha Cliath: An Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige.

An Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige (2004b). *Spléachadh ar an Ardchaighdeán – Athbhreithniú ar Bheartas, Cleachtas agus Taighde Náisiúnta a bhaineann leis an Ardchaighdeán i gCúram agus Oideachas Luathóige in Éirinn 1990-2004*. Baile Átha Cliath: An Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige.

An Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige (2004c). *Making Connections – A Review of International Policies, Practices and Research relating to Quality in Early Childhood Care and Education*. Baile Átha Cliath: An Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige.

An Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige (2004d). *De Réir Sprice – Iniúchadh ar Sholáthar Seirbhíse a Dhíríonn ar Mhíbhuntáiste agus Riachtanais Speisialta i Measc Leanaí ó Bhreith go Sé Bliana d'Aois in Éirinn*. Baile Átha Cliath: An Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige.

An Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige (2005a). *Questions of Quality – Proceedings of a Conference on Defining, Assessing and Supporting Quality in Early Childhood Care and Education*. Baile Átha Cliath: An Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige.

An Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige (2005b). *Luath-Óige in Éirinn – Fianaise agus Peirspictíochtaí*. Baile Átha Cliath: An Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige.

Martin, J. (2001). "Introductory Presentation" ag seoladh *Starting Strong*. Early Childhood Education and Care, Stócólm, Meitheamh 2001.

Mooney, A., Cameron, C., Candappa, M., McQuail, S., Moss, P. agus Petrie, P. (2003). *Early Years and Childcare International Evidence Project: Quality*. Londain: Department for Education and Skills.

Na Náisiúin Aontaithe (1989). *United Nations Convention on the Rights of the Child*, Glactha ag Comhthionól na Náisiúin Aontaithe, an 20 Samhain 1989. (Daingnithe ag Éirinn, Meán Fómhair 1992) An Ghinéiv: Na Náisiúin Aontaithe.

National Association for the Education of Young Children (NAEYC) (2005). *NAEYC Early Childhood Program Standards and Accreditation Performance Criteria*. Washington, D.C.: National Association for the Education of Young Children (NAEYC). Is féidir é a fháil ag: http://www.naeyc.org/accreditation/next_era.asp, 28 Meán Fómhair 2005.

National Childcare Accreditation Council Inc. (2004a). *Family Day Care Quality Assurance (FDCQA) Handbook (2nd edition)*. An Astráil: National National Childcare Accreditation Council Inc.

National Childcare Accreditation Council Inc. (2004b). *Family Day Care Quality Assurance (FDCQA) Handbook (2nd edition)*. An Astráil: National Childcare Accreditation Council Inc.

National Childcare Accreditation Council Inc. (2004c). *Family Day Care Quality Assurance (FDCQA) Self-study Report (2nd edition)*. An Astráil: National Childcare Accreditation Council Inc. Is féidir é a fháil ag: http://www.ncac.gov.au/index_pages/publications_index.html, 28 Meán Fómhair 2005.

Oifig Náisiúnta Leanaí (2005). *Report on the Development of a National Set of Child Well-being Indicators in Ireland*. Baile Átha Cliath: Oifig Náisiúnta Leanaí.

An Phríomh-Oifig Staidrimh (2005a). *Measuring Ireland's Progress, 2004*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

An Phríomh-Oifig Staidrimh (2005b). *EU Survey on Income and Living Conditions – First Results 2003*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

An Phríomh-Oifig Staidrimh (2005c). *Quarterly National Household Survey, December 2004 – February 2005*. Is féidir é a fháil ag: http://www.cso.ie/qnhs/documents/table_9_%20post_census.xls, 27 Meitheamh 2005.

Rialtas na hÉireann (1999a). *An Clár um Rathúnas agus Cothroime*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

Rialtas na hÉireann (1999b). *Plean Forbartha Náisiúnta 2000 – 2006*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

Roinn an Taoisigh (2002). *An Agreed Programme for Government between Fianna Fáil and the Progressive Democrats*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

Roinn an Taoisigh (2003). *Ag Coinneáil an Dul Chun Cinn – Comhaontú Comhpháirtíochta Sóisialta 2003-2005*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí (1999). *National Childcare Strategy, Report of the Partnership 2000 Expert Working Group on Childcare*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí (2001). *Acht na Leanaí 2001*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí (2002). *Cúram Leanaí D'Ardcháilíocht & Foghlaim Fadsaoil: Creat Eiseamlárach d'Oideachas, d'Oiliúint agus d'Fhorbairt Ghairmiúi san Earnáil Luathchúraim agus Oideachais Leanaí*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí (2004). *Developing Childcare in Ireland – A Review of Progress to End 2003 on the Implementation of the Equal Opportunities Childcare Programme 2000-2006*. Baile Átha Cliath: An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí.

An Roinn Gnóthaí Sóisialacha, Pobail agus Gnóthaí Teaghlaigh (1998). *Strengthening Families for Life: Final Report of the Commission on the Family to the Minister for Social, Community and Family Affairs*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

An Roinn Oideachais (1993). *Report of the Special Education Review Committee*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (1998). *An tAcht Oideachais*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (1999a). *Ready to Learn - A White Paper on Early Childhood Education*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (1999b). *Curaclam na Bunscoile*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (2000). *An tAcht Oideachais (Leas)*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (2004a). *Statistical Report 2002-2003*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (2004b). *Thematic Review of Early Childhood Education and Care Policy in Ireland*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (2004c). *An tAcht Oideachais do Dhaoine le Riachtanais Speisialta Oideachais*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (2005). *Comhionannas Deiseanna a Sholáthar i Scoileanna – Plean Gnímh do Chuimsiú Oideachais*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

An Roinn Sláinte (1991). *An tAcht um Chúram Leanaí*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

An Roinn Sláinte agus Leanaí (1998). Child Care (Preschool Services) Regulations 1996 and Child Care (Preschool Services) (Amended) Regulations 1997 and Explanatory Guide to Requirements and Procedures for Notification and Inspection. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

An Roinn Sláinte agus Leanaí (1999). *Children First: National Guidelines for the Protection and Welfare of Children*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

An Roinn Sláinte agus Leanaí (2000). *The National Children's Strategy. Our Children-Their Lives*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

An Roinn Sláinte agus Leanaí (2002). *Our Duty to Care: The Principles of Good Practice for the Protection of Children and Young People*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

Sammons, P., Sylva, K., Melhuish, E., Siraj- Blatchford., I., Taggart, B. agus Elliot, K. (2002). Measuring the Impact of Pre-school on Children's Cognitive Progress over the Preschool Period (in) *The Effective Provision of Preschool Education (EPPE) Project Technical Paper 8A*. Londain: Institute of Education, University of London.

Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann (2005). *Awards in the Framework: Placement of 'Existing and Former Awards'*. Baile Átha Cliath: Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann.

síolta an chreatlach náisiúnta cáilíochta d'oideachas na luath-óige **lámhleabhar tosaigh**

Tuilleadh eolais ó:
An Lárionad um Fhorbairt
agus Oideachas na Luath-Óige,
Teach an Gheata,
Coláiste Phádraig,
Droim Conrach,
Baile Átha Cliath 9.

Teil: 353 1 884 2110
Faics: 353 1 884 2111
Ríomhphost: early.childhood@spd.dcu.ie

www.siolta.ie

www.cecde.ie

Lámhleabhair eile le fáil as an sraith seo: